AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 15.11.2011
COIM(2011) 752 leagan deireanach

2011/0367 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## ina leagtar síos na forálacha ginearálta maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce agus maidir leis an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do chomhar póilíneachta, chun coireacht a chosc agus a chomhrac agus le haghaidh bainistíochta géarchéime

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Tá méadú seasta ag teacht ar an tábhacht a bhaineann le beartais ghnóthaí baile le blianta beaga anuas. Tá na beartais seo i gcroílár an tionscadail Eorpaigh chun limistéar gan teorainneacha inmheánacha a chruthú a bhféadfaidh saoránaigh an AE agus náisiúnaigh tríú tíortha dul isteach, gluaiseacht, maireachtáil agus oibriú ann, agus smaointe nua, caipiteal, eolas agus nuálaíocht á dtabhairt acu leo, nó bearnaí i margaí náisiúnta an tsaothair á líonadh acu, agus iad muiníneach go bhfuil a gcearta á n-urramú go hiomlán agus a slándáil deimhnithe. Trí Chlár Stócólm, daingníodh tábhacht mhéadaitheach na mbeartas gnóthaí baile. Ina theannta sin, tá sé ar cheann de na réimsí a ndearnadh athruithe tábhachtacha orthu faoi Chonradh Liospóin.

Ar an 29 Meitheamh 2011, ghlac an Coimisiún le togra le haghaidh an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile don tréimhse 2014-2020[1]: buiséad chun an Straitéis Eoraip 2020 a sholáthar. I réimse na mbeartas gnóthaí baile, ina gcuimsítear slándáil, imirce agus bainistiú na dteorainneacha seachtracha, bheartaigh an Coimisiún struchtúr na n-ionstraimí caiteachais a shimpliú trí líon na gclár a laghdú go struchtúr dé-Chiste: Ciste Tearmainn agus Imirce agus Ciste Slándála Inmheánaí.

Sainaithníodh simpliú mar phríomhchuspóir sa Chumarsáid faoi Athbhreithniú Buiséid an AE[2], Clár Oibre na Rialála Cliste[3] agus an chumarsáid réamhráite maidir leis an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile. Tugtar le tuiscint de réir taithí, gur minic sa tréimhse reatha clárúcháin a bhraitear ar éagsúlacht agus ilroinnt rialacha a rialaíonn cláir chaiteachais mar rud casta gan gá leis agus deacair a chur i bhfeidhm agus a rialú. I ngeall air seo bíonn ualach trom riaracháin ar thairbhithe agus ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit freisin, agus is féidir leis seo tionchar neamhbheartaithe a bheith aige a dhíspreagann rannpháirtíocht, a mhéadaíonn rátaí earráidí agus a chuireann moill ar chur chun feidhme. Ciallaíonn sé seo nach réadaítear go hiomlán na tairbhí a d’fhéadfadh a bheith le cláir an Aontais.

Is cuid de phacáiste ceithre Rialachán é an Rialachán seo, lena mbunaítear go comhpháirteach an creat do chistiú an Aontais ar ghnóthaí baile faoin dá Chiste. Leagtar amach sa Rialachán seo rialacha maidir le clárúchán, le bainistíocht agus le rialú, le bainistíocht airgeadais, le himréiteach cuntas, le cur i gcrích clár agus le tuairisciú agus le meastóireacht. Ar an gcaoi sin, leagtar amach ann na meicníochtaí seachadta de bhrí go sainmhínítear cuspóir agus raon feidhme an dá Chiste, na hacmhainní agus na modhanna cur chun feidhme ina Rialacháin shonracha faoi seach. Áiritheofar leis an ionstraim chothrománach seo cur chuige comhchoiteann i leith chur chun feidhme an dá Chiste agus láimhseáil aonfhoirmeach tairbhithe maidir leis an tacaíocht uile ón Aontas sa réimse gnóthaí baile.

Tá struchtúr foriomlán ceithre Rialachán riachtanach i bhfianaise oibleagáidí an Chonartha. I ngeall ar na rialacha vótála éagsúla atá sa Chomhairle a eascraíonn as an ngeoiméadracht éagsúil de bhun Phrótacal 19 (maidir le acquis Schengen) agus Phrótacal 21 (seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann maidir le limistéar na Saoirse, na Slándála agus an

---

1 COIM(2011)500 leagan críochnaitheach.
2 COIM(2010)700 leagan críochnaitheach.
3 COIM(2010)543 leagan críochnaitheach.

Cheartais), ní féidir ó thaobh an dlí de aon togra reachtach cuimsitheach amháin a dhréachtú ar mhaithe le Ciste Slándála Inmheánaí, ainneoin comhchuibheas na gcuspóirí beartais a dtabharfar aghaidh orthu. Ina theannta sin, breithníodh go raibh sé tábhachtach, i gcomhréir le cuspóir ginearálta an tsimplithe agus an phríomhshruthaithe, go mbeadh meicníochtaí seachadta comhionanna ag an dá Chiste (an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ciste Tearmainn agus Imirce) a mhéad is féidir. Ar deireadh, trí bhíthin Rialachán cothrománach a thabhairt isteach ina leagtar amach forálacha comhchoiteanna, laghdaítear líon foriomlán na bhforálacha go mór ná mar a laghdófaí iad dá mbeadh a macasamhail i ngach gníomh.

Ní leagtar amach sa Rialachán seo ach oibleagáidí airgeadais agus teicniúla agus fágtar na roghanna ar shainiú cuspóirí beartais, gníomhaíochtaí incháilithe, leithdháilte acmhainní agus raon feidhme na hidirghabhála maidir le gach réimse sonrach beartais leis an mbunús dlí faoi seach (i.e. sna Rialacháin Shonracha).

Tá sé mar aidhm ag na na meicníochtaí príomhfhoinse chistiú an Aontais a chumhdach sa réimse gnóthaí baile. Dá réir sin, dhéanfadh sé ansin na forálacha do-áirithe a ionadú le leibhéil éagsúla mionsonraí agus castachta atá le fáil faoi láthair i mbunúis dlí na n-ionstraimí reatha caiteachais um ghnóthaí baile: na ceithre ionstraim sa Chlár Ginearálta "Dlúthpháirtíocht agus Bainistiú Sreabha Imirce", an Ciste um Theorainneacha Seachtracha, an Ciste Eorpach um Dhídeanaithe, an Ciste Eorpach chun Náisiúnaigh Tríú Tíortha a Lánpháirtiú, an Ciste Eorpach um Fhilleadh, agus an dá Chlár Shonracha sa Chlár Ginearálta "An tSlándáil agus Cosaint na Saoirsí", ISEC (An Choireacht a Chosc agus a Chomhrac) agus CIPS (Cosc na Sceimhlitheoireachta agus rioscaí eile a bhaineann leis an tSlándáil, an Ullmhacht lena nAghaidh, agus a nIarmhairtí a Bhainistiú).

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

I gcomhréir leis an mbéim níos mó a chuirtear ar an meastóireacht mar ionstraim le bonn a chur faoi cheapadh beartas, tá torthaí meastóireachta, an comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara agus an measúnú tionchair mar bhonn leis an togra seo.

Cuireadh tús in 2010 leis an obair ullmhúcháin ar na hionstraimí airgeadais a bheidh ann amach anseo le haghaidh gnóthaí baile agus leanadh ar aghaidh léi sa bhliain 2011. Mar chuid den obair ullmhúcháin sin, seoladh staidéar meastóireachta/measúnaithe tionchair i mí na Nollag 2010 le cúnamh ó chonraitheoir seachtrach. Tugadh an staidéar chun críche i mí Iúil 2011 agus tugadh le chéile ann na torthaí meastóireachta a bhí ar fáil maidir leis na hionstraimí airgeadais a bhí ann cheana agus cuireadh eolas ar fáil le haghaidh na bhfadhbanna, na gcuspóirí agus na roghanna beartais, lena n-áirítear an iarmhairt is dócha a bheadh acu, a ndearnadh iniúchadh orthu sa mheasúnú tionchair. Agus an staidéar seo mar bhonn aige, d'ullmhaigh an Coimisiún tuarascáil um measúnú tionchair, faoinar thug an Bord um Measúnú Tionchair a thuairim ar an 9 Meán Fómhair 2011.

Sainíodh fadhbanna sa mheasúnú tionchair seo i ndáil le raon feidhme agus tosaíochtaí na gclár caiteachais um ghnóthaí baile reatha ar thaobh amháin agus na fadhbanna maidir le seachadadh cistithe ar an taobh eile. I ndáil leis na fadhbanna seachadta, rinneadh imscrúdú sa mheasúnú tionchair ar roghanna i ndáil le bainistíocht chomhpháirteach, le bainistiú láraithe agus le freagairt thráthúil ar staideanna éigeandála.

- I ndáil le bainistíocht chomhpháirteach, baineadh de thátal as an measúnú tionchair gurb é clár ilbhliantúil agus idirphlé beartais roimh ré an rogha tosaíochta. Contrártha don status quo, ina gcomhcheanglaítear cláir bhliantúla laistigh de chreat ilbhliantúil, laghdófaí an t-ualach oibre riaracháin go suntasach. Cé go dtairgfeadh aistriú go clárú ilbhliantúil solúbthacht mhéadaithe, ní thabharfaí aghaidh ar an ngá leanúnach freagairt do chásanna atá ag athrú sna Ballstáit agus i dtríú tíortha, atá tipiciúil do réimse na ngnóthaí baile. Thabharfadh clárú ilbhliantúil i gcomhar le hidirphlé beartais rialta, áfach, aghaidh ar an ngá seo agus cheadófaí cur chuige níos dírithe ar thorthaí.

- I dtéarmaí seachadadh cistithe a fheabhsú faoi bhainistiú láraithe, cuireadh an status quo i leataobh toisc nach dtairgtear ach ionchas beag nó nach dtairgtear ionchas ar bith i leith shimpliú nó laghdú an ualaigh oibre riaracháin. Diúltaíodh don ghluaiseacht chuig cur chuige soláthair amháin toisc go ndíchuirfí leis go hiomlán an fhéidearthacht maidir le gníomhaíochtaí dírithe ar bheartas a chur chun cinn, comhar trasnáisiúnta a spreagadh agus tacú le sochaí shibhialta trí dheontais. Is é dul in iontaoibh bainistithe láraithe níos dírithe, nach bhfuil chomh dian céanna ar acmhainní agus éagsúlaithe an rogha tosaíochta toisc go meastar go bhfeabhsófar caidreamh le príomhpháirtithe leasmhara leis agus go mbeidh laghdú foriomlán ar an ualach oibre dá bharr.

- I ndáil leis an meicníocht práinnfhreagartha, baineadh de thátal as sa mheasúnú tionchair gur léir nach gcomhlánaítear an gá d’fhreagairt níos tapa agus níos éifeachtaí ar ghéarchéimeanna i réimsí na himirce agus na slándála leis an meicníocht reatha. Breithníodh meicníocht fheabhsaithe sínte chuig réimse níos leithne géarchéimeanna a bhaineann le himirce agus géarchéimeanna a bhaineann le slándáil araon mar an rogha tosaíochta.

Cuireadh san áireamh sa mheasúnú tionchair torthaí an chomhairliúcháin phoiblí thiomnaithe ar líne maidir le todhchaí an chistiúcháin do ghnóthaí baile. Mhair an comhairliúchán ón 5 Eanáir go dtí an 20 Márta 2011 agus bhí cead ag gach páirtí leasmhar páirt a ghlacadh ann. Fuarthas 115 freagra san iomlán ó dhaoine aonair agus ó ionadaithe eagraíochtaí, lena n-áirítear ocht bpáipéar seasaimh. Ghlac freagróirí ó na Ballstáit uile chomh maith le freagróirí ó roinnt tríú tíortha páirt sa chomhairliúchán.

In Aibreán na bliana 2011 tugadh na príomhpháirtithe leasmhara (na Ballstáit, eagraíochtaí idirnáisiúnta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta etc) le chéile ag an gcomhdháil "The future of EU funding for Home Affairs: A fresh look” (Todhchaí Chistiú an AE do Ghnóthaí Baile: Breithiúnas úr) chun an cistiú a dhéanfadh an AE amach anseo ar mhaithe le gnóthaí baile a phlé. Ba ócáid í an chomhdháil freisin chun toradh an bhreithnithe agus an chomhairliúcháin phoiblí a bhailíochtú.

Pléadh todhchaí chistiú an AE do ghnóthaí baile le páirtithe leasmhara institiúideacha go minic ag ócáidí éagsúla: lena n-áirítear, díospóireacht neamhfhoirmiúil lóin le linn na Comhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an 21 Eanáir 2011, bricfeasta neamhfhoirmiúil le comhordaitheoirí polaitiúla Pharlaimint na hEorpa ar an 26 Eanáir 2011, ag éisteacht an Choimisinéara Malmström os comhair Choiste SURE na Parlaiminte ar an 10 Márta 2011 agus le linn d’Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta Gnóthaí Baile agus do Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile na Parlaiminte a gcuid tuairimí a chur in iúl dá chéile ar an 17 Márta 2011. Bailíodh comhairle shonrach na

saineolaithe freisin trí phlé le saineolaithe na mBallstát faoi chuimsiú an Chomhchoiste don Chlár Ginearálta ar Dhlúthpháirtíocht agus Bainistiú Sreabha Imirce.

Deimhníodh leis na comhairliúcháin seo, na comhdhálacha agus le pléite na saineolaithe dá dtagraítear thuas go bhfuil comhaontú ginearálta i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara maidir leis an ngá atá ann na meicníochtaí soláthair a shimpliú agus a dhéanamh níos solúbtha, go háirithe le bheith in ann freagairt d'éigeandálaí. Thacaigh páirtithe leasmhara leis an smaoineamh gur cheart líon na n-ionstraimí airgeadais a laghdú go struchtúr dé-Chiste, ar chuntar go dtiocfadh simpliú dá bharr seo. D'aontaigh siad freisin go raibh gá le meicníocht sholúbtha phráinnfhreagartha ionas go mbeadh an tAontas in ann freagairt go tapa agus go héifeachtach do ghéarchéimeanna a bhaineann le himirce agus le slándáil. Measadh tríd is tríd gurbh í bainistíocht chomhpháirteach ina ndéanfaí athrú chuig clárú ilbhliantúil faoi chuimsiú shainiú na gcomhspriocanna ar leibhéal an Aontais an modh bainistíochta iomchuí i gcomhair an chaiteachais uile ar ghnóthaí baile cé go raibh eagraíochtaí neamhrialtasacha den tuairim gur cheart leanúint ar aghaidh le cur i ngníomh díreach freisin. Thacaigh páirtithe leasmhara freisin le ról na ngníomhaireachtaí gnóthaí baile a fheabhsú chun comhar a chothú agus chun sineirgí a mhéadú.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Bunaítear an ceart beart a dhéanamh le hAirteagal 3(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach ina sonraítear "cuirfidh an tAontas ar fáil dá shaoránaigh limistéar saoirse, slándála agus ceartais, gan teorainneacha inmheánacha, ina n-áiritheofar saorghluaiseacht daoine i dteannta le bearta iomchuí maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha, tearmann agus inimirce, maille leis an gcoirpeacht a chosc agus a chomhrac".

Ag saothrú an tráth céanna roinnt cuspóirí atá i ndlúthnasc do-scartha gan aon cheann a bheith tánaisteach agus indíreach i ndáil leis na cinn eile, tá an Rialachán seo bunaithe ar bhunúis dlí shubstainteacha i dTeideal V den Chonradh i limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais mar atá in Airteagal 78(2), Airteagal 79(2 agus 4), Airteagal 82(1), Airteagal 84 agus Airteagal 87(2). Is ionann iad agus na bunúis dlí do ghníomhaíocht an Aontais sna réimsí a bhaineann le tearmann, inimirce, bainistiú sreabha imirce, cóir chothrom ar náisiúnaigh tríú tíortha a bhfuil cónaí dleathach orthu sna Ballstáit, inimirce mhídhleathach a chosc, daoine a chónaíonn gan údarú a aistriú agus a aisdúichiú, gáinneáil ar dhaoine, comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, cosc na coireachta, comhrac in aghaidh na coireachta lena n-áirítear sceimhlitheoireacht, éilliú, coireacht eagraithe agus comhar póilíneachta.

Is ionann iad agus na bunúis dlí chomhoiriúnacha i bhfianaise sheasamh na Ríochta Aontaithe, na hÉireann [agus na Danmhairge] maidir leis na réimsí a chumhdaíonn siad, agus cuimsítear leo ar an gcaoi sin vótáil ar an téacs seo sa Chomhairle. Toisc go bhfuil feidhm ag an ngnáthnós imeachta reachtach i leith gach ceann díobh, urramaítear le teaglaim na mbunús dlí na sainchumais ó Pharlaimint na hEorpa go hiomlán.

Tarraingítear aird freisin ar Airteagal 80 den CFAE ina sonraítear go mbeidh beartais áirithe seo an Aontais agus a gcur chun feidhme faoi rialú ag prionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta, lena n-áirítear a impleachtaí airgeadais, idir na Ballstáit.

I bhfianaise an nós imeachta cinnteoireachta thuas, leagtar síos i bhforálacha an Rialacháin seo forálacha coiteanna cothrománacha le haghaidh chur chun feidhme an Chiste Tearmainn agus Imirce agus chomhpháirt amháin den Chiste Slándála Inmheánaí, mar atá an ionstraim le

haghaidh tacaíochta airgeadais do chomhar póilíneachta, coireacht a chosc agus a chomhrac, agus bainistíocht géarchéime.

I gcás na mbeartas gnóthaí baile sin arna gcumhdach ag an gCiste Slándála Inmheánaí nach bhfuil a mbunúis dlí comhoiriúnach leis an méid thuas, ba cheart don Rialachán seo a bheith infheidhme ar bhonn clásail shonraigh i gceann de na Rialacháin faoi leith, mar atá an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais le haghaidh teorainneacha seachtracha agus víosa arna bhunú ar Airteagal 77(2) CFAE, as siocair gurb é atá i gceist leis na beartais seo forbairt acquis Schengen nach nglacann an Ríocht Aontaithe ná Éire páirt ann.

Dá réir sin, ar chomhghlacadh an Rialacháin seo agus na Rialachán sonrach eile, beidh forálacha an Rialacháin seo infheidhme go cothrom maidir le cistiú iomlán an Aontais do ghnóthaí baile.

Tríd is tríd, is réimse é an réimse gnóthaí baile ina bhfuil luach breise soiléir ag baint le heagrú bhuiséad an Aontais.

Cosnaítear gníomhaíocht an Aontais ar fhorais na gcuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 67 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ina leagtar amach modh chun limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhunú. Gné thábhachtach de chistiú an Aontais do ghnóthaí baile é cur chun feidhme cúnaimh airgeadais i gcomhpháirtíocht leis na Ballstáit trí bhainistíocht chomhpháirteach. Meastar modh an bhainistithe chomhpháirtigh a bheith iomchuí do gach réimse beartais um ghnóthaí baile agus dá bhrí sin síneadh chuig réimse na slándála inmheánaí é áit nár úsáideadh é roimhe seo. Coimeádtar bainistiú láraithe do ghníomhaíochtaí dírithe ar bheartas.

Faoi bhainistíocht chomhpháirteach, áiritheofar leis an aistriú ó chláir bhliantúla chuig clárúchán ilbhliantúil agus idirphlé beartais roimh ré laistigh de chreat straitéise arna sainmhíniú ar leibhéal an Aontais go gcomhlánaítear riachtanais na mBallstát aonair leis na gníomhaíochtaí arna maoiniú ó bhuiséad an Aontais agus go dtugtar aghaidh ag an am céanna ar thosaíochtaí an Aontais. Leagtar amach sa togra seo na rialacha ginearálta maidir le clárúchán, tuairisciú, bainistiú airgeadais, rialuithe agus meastóireachtaí is gá do chur chun feidhme ceart chistiú an Aontais do ghnóthaí baile ach -nuair is féidir- tugtar saoirse do na Ballstáit cinneadh a dhéanamh faoin conas a chuirfear na rialacha seo chun feidhme ar leibhéal náisiúnta. Mar shampla, déanfar incháilitheacht caiteachais a chinneadh ar bhonn rialacha náisiúnta, faoi réir líon teoranta prionsabal coiteann, simplí atá leagtha síos sa Rialachán seo.

Ar an gcaoi sin, déantar na hidirghabhálacha ar an leibhéal cuí agus ní dhéantar ról an Aontais a leathnú thar an méid is gá. Faoi mar a tugadh chun suntais san Athbhreithniú Buiséid, ba cheart buiséad an AE a úsáid chun earraí poiblí an AE a mhaoiniú chomh maith le gníomhaíochtaí nach bhfuil na Ballstáit agus na réigiúin in ann a mhaoiniú iad féin, nó i gcás ina bhféadfaí torthaí níos fearr a fháil.[4]

Áirítear réasúin mhionsonraithe do ghníomhaíocht an Aontais i ndáil leis na réimsí éagsúla beartais arna gcumhdach ag an Rialachán seo sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis na Rialacháin Shonracha.

---

4 “Athbhreithniú Buiséid an AE”, COIM (2010) 700, 19.10.2010.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Áiríonn togra an Choimisiúin le haghaidh an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil ionann agus EUR 3,869 milliún le haghaidh an Chiste Tearmainn agus Imirce agus EUR 4,648 milliún le haghaidh an Chiste Slándála Inmheánaí (praghsanna reatha).

## 5. PRÍOMHEILIMINTÍ

Mar chreat nua ginearálta do chur chun feidhme chistiú an Aontais i réimse na mbeartas gnóthaí baile, leagtar amach sa Rialachán seo rialacha ginearálta maidir le maoiniú caiteachais lena n-áirítear rialacha maidir le comhpháirtíocht, clárú, tuairisciú, faireachán agus meastóireacht, ar na córais bhainistíochta agus rialaithe atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit agus maidir le himréiteach cuntas:

– Ceapadh na rialacha maidir le comhpháirtíocht, clárú, faireachán agus meastóireacht ar bhonn na gceachtanna foghlamtha le ceithre Chiste reatha an Chláir Ghinearálta "Dlúthpháirtíocht agus Bainistiú Sreabha Imirce";

– Faigheann na rialacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas agus tuairisciú agus cur i gcrích clár spreagadh ó Chuid II de thogra an Choimisiúin le haghaidh Rialacháin Fhorálacha coiteanna le haghaidh Cistí arna chumhdach ag an gComhchreat Straitéiseach ("ar a dtabharfar Rialacháin Chistí CCS ina dhiaidh seo")[5] agus togra an Choimisiúin le haghaidh Rialacháin maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air[6], agus ag áirithiú ag an am céanna, nuair is áisiúil, leanúnachais leis na rialacha atá curtha i bhfeidhm ar na cheithre Chiste reatha.

Tá sé d'aidhm ag an Rialachán seo freisin na dálaí a leagan síos do na nithe seo a leanas:

(1) cistiúchán níos dírithe ar bheartas agus ar thorthaí, lena n-áirítear trí chlárú straitéiseach treisithe;

(2) simpliú suntasach ar na meicníochtaí seachadta i gcomparáid leis an gcás reatha;

(3) níos mó solúbthachta i mbainistiú airgeadais agus sa chur chun feidhme, i bhfianaise an ghá a bheith in ann aghaidh a thabhairt ar dhálaí nua agus ar dhálaí gan choinne a tharlaíonn go minic sa réimse gnóthaí baile;

---

[5] Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, maidir leis an gCiste Comhtháthaithe, maidir leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh atá cumhdaithe faoin gComhchreat Straitéiseach agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006, COIM (2011) 615 leagan críochnaitheach)

[6] Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air (COIM (2011) 628/3)

(4) creat breisithe faireacháin agus meastóireachta, lena n-áiritheofar cuntasacht, trédhearcacht agus machnamh feasach ar thacaíocht sa todhchaí sa réimse gnóthaí baile.

### 5.1. Clár oibre dírithe ar bheartas agus ar thorthaí

Maidir le bainistíocht chomhpháirteach

- Ag tús an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile, beidh idirphlé aonair, uileghabhálach beartais ar ghnóthaí baile le gach Ballstát ar a n-úsáid de na Cistí, i.e. an chaoi a gcuirfidh gach Ballstát aonair le baint amach na gcuspóirí i limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais ag baint leasa as buiséad an Aontais. Déanfar cumarsáid ón gCoimisiún roimh an idirphlé seo ar na hionchais fhoriomlána agus ar an gcreat don idirphlé. Cuirfear i láthair sa Chumarsáid seo rúin an Choimisiúin le haghaidh ghníomhaíochtaí an Aontais agus an creat le haghaidh a gcur chun feidhme (e.g. modhanna éagsúla bainistíochta a úsáidfear).
- Agus toradh an idirphlé beartais á chur san áireamh, déanfar cur síos sna cláir atá comhaontaithe idir an Coimisiún agus na Ballstáit ar an gcás bonnlíne agus leagfar amach na cuspóirí atá le baint amach ag na Ballstáit sa réimse beartais agus na cuspóirí maidir le cistiú an Aontais. Sainaithneofar spriocanna agus samplaí de ghníomhaíochtaí in aghaidh an chuspóra sa chlár náisiúnta. Ina theannta sin, cuirfear in iúl i bplean airgeadais seacht mbliana an chaoi a bhfuil na hacmhainní leithdháilte le tiomnú agus le caitheamh, laistigh de na teorainneacha atá ar fáil. I gcás gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme i dtríú tíortha agus maidir leo, níor cheart go mbeadh gníomhaíochtaí den chineál sin dírithe ar fhorbairt go díreach agus ba cheart go lorgófaí san idirphlé beartais comhchuibheas iomlán leis na prionsabail agus le cuspóirí ginearálta ghníomhaíocht sheachtrach agus beartas eachtrach an Aontais a bhaineann leis an tír nó leis an réigiún atá i gceist.
- Cé go ndéanfar gach iarracht lena áirithiú go nglacfar leis na cláir náisiúnta sa bhliain 2014, níl sé as an áireamh nach nglacfar le cuid de na cláir go dtí an bhliain 2015. Ionas nach gcaillfear na leithreasaí gaolmhara faoi chomhair oibleagáidí le haghaidh na bliana 2014, leasóidh an Coimisiún dá bhrí sin a thogra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle ina leagfar síos an creat ilbhliantúil airgeadais le haghaidh na mblianta 2014-2020 [COIM(2011) 398 an 29.06.2011] ionas go gcuirfear forálacha Airteagal 7 den Rialachán sin i mbaint le cláir atá curtha chun feidhme faoi bhainistíocht chomhpháirteach faoi Chistí Tearmainn agus Imirce agus Slándála Inmheánaí.
- Déanfaidh na Ballstáit tuairisciú go bliantúil ar bhainistiú airgeadais agus ar na torthaí arna mbaint amach faoi na cláir.
- Déanfar athbhreithniú meántéarma chun an cás i ngach Ballstát a athscrúdú sa bhliain 2017. Ag an tráth sin, féadfar acmhainní nua a leithdháileadh don tréimhse 2018-2020.

Maidir le bainistiú díreach agus indíreach

- Déanfar na cuspóirí atá le baint amach faoi na cláir náisiúnta a chomhlánú le "gníomhaíochtaí an Aontais" i dteannta le meicníocht mhearfhreagartha chun déileáil le staideanna éigeandála. Tacóidh gníomhaíochtaí an Aontais le cur chun feidhme bheartais an Aontais trí dheontais agus trí sholáthar. Áireofar leo seo gníomhaíochtaí i dtríú tíortha agus maidir le tríú tíortha mar a chuirtear in iúl sa Chumarsáid ar an

gCreat Ilbhliantúil Airgeadais.[7]. Ní bheidh gníomhaíochtaí den sórt sin dírithe ar fhorbairt go díreach agus déanfaidh siad comhlánú, mar is iomchuí, ar an gcúnamh airgeadais arna sholáthar trí ionstraimí cabhrach seachtraí an AE, atá fós ar an bpríomhfhoinse maoinithe le cabhrú le tríú tíortha a gcumas ábhartha a fhorbairt. Agus tacaíocht den sórt sin á cur chun feidhme, déanfar iarracht teacht ar chomhchuibheas iomlán le prionsabail agus le cuspóirí ginearálta ghníomhaíocht sheachtrach agus beartas eachtrach an AE a bhaineann leis an tír nó leis an réigiún atá i gceist. Déanfar comhlántacht a áirithiú trí chomhordú feabhsaithe leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, agus le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin.

- Féadfar go ndéanfaidh gníomhaireachtaí an Aontais gníomhaíochtaí an Aontais agus beartais chúnaimh éigeandála sa réimse gnóthaí baile (CEPOL, Europol, an Oifig Eorpach Tacaíochta do Ghnóthaí Tearmainn, Frontex agus an Ghníomhaireacht TF), nuair a bheidh sé seo chun leasa an Aontais, nuair is gníomhaíochtaí ad hoc iad agus nuair a bheidh a gcur chun feidhme sásúil ag brath ar shaineolas oibríochta agus teicniúil na Gníomhaireachta lena mbaineann. Cuirfear gníomhaíochtaí den sórt sin i bhfeidhm laistigh de chreat a gcuid misean, de réir a mbonn dlíthiúil, i gcomhlántacht lena gcláir oibre agus gan dochar do na laghdaithe foriomlána foirne a mheastar a bheidh ann.

- Bainfear leas as cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún chun tacú leis na Ballstáit agus le tairbhithe, chun foghlaim fhrithpháirteach a spreagadh agus chun cumarsáid (lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach nuair is iomchuí) agus meastóireacht a fheabhsú. Tacófar leis na leithreasaí seo freisin le bearta iomchuí rialaithe san Aontas agus i dtríú tíortha a bhaineann le gníomhaíochtaí arna gcistiú agus reáchtálfar leo an córas TF arna úsáid don chumarsáid idir na Ballstáit agus an Coimisiún faoi bhainistiú comhpháirteach.

## 5.2. Simpliú meicníochtaí seachadta

Maidir le bainistíocht chomhpháirteach

- Ceanglófar ar gach Ballstát clár aonair náisiúnta a bheith acu in aghaidh an Chiste, agus ar an gcaoi sin tabharfar le chéile réimsí éagsúla beartais, a mbeidh tacaíocht ó bhuiséad an Aontais do bheartas comhtháite imirce faoi seach mar thoradh air, lena n-áirítear lánpháirtiú, tearmann agus filleadh maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, agus straitéis chuimsitheach inmheánach slándála , lena n-áirítear comhar póilíneachta, slándáil teorann, comhrac na coireachta tromchúisí trasteorann, calaois doiciméad, etc. maidir leis an gCiste Slándála Inmheánaí.
- Léirítear sa chreat nua mórshimpliú agus laghdú ar an ualach riaracháin i gcomparáid leis na ceithre Chiste reatha, a oibríonn le straitéis ilbhliantúil agus le cláir bhliantúla. Beidh an t-uasmhéid clár ionann le 26 don AMF (cé is moite den Danmhairg, i gcás go nglacfadh an Ríocht Aontaithe agus Éire leis) agus 27 don ISF (gach Ballstát). Ina theannta sin, glacfaidh na Stáit a bhaineann le Schengen páirt san ISF maidir leis na teorainneacha seachtracha agus víosa agus na codanna a bhaineann le comhar póilíneachta.

[7] Féach fonóta 1

- Táthar ag súil le líon íseal athbhreithnithe ar chláir náisiúnta: díreofar cláir ar chuspóirí agus ar spriocanna seachas ar na gníomhaíochtaí a shainaithint go huileghabhálach. Is é an cuspóir, a mhéad is féidir, agus cé is moite de dhálaí nua nó gan choinne, gur cheart go mbeadh, in aghaidh an Bhallstáit agus in aghaidh an Chiste, cinneadh amháin chun clár ilbhliantúil a fhormheas agus, más gá, cinneadh amháin chun an clár a athbhreithniú i gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma.
- Mar atá faoi Chistí CCS, ba cheart prionsabal na comhpháirtíochta a chur chun feidhme trí choiste faireacháin.
- Bunóidh gach Ballstát córas bainistíochta agus rialaithe aonair in aghaidh an Chiste, agus an fhéidearthacht córas amháin a bheith ann leis an dá Chiste a chumhdach. Chun sainghnéithe institiúideacha náisiúnta a chur san áireamh, féadfaidh na Ballstáit údaráis tharmligthe a chruthú, ar féidir leis na húdaráis fhreagracha cúraimí sonracha (clárú agus cur chun feidhme) a tharmligean chucu.
- Déanfar incháilitheacht caiteachais a chinneadh ar bhonn rialacha náisiúnta, faoi réir líon teoranta prionsabal coiteann agus simplí. Ba cheart go gcuimseofaí sa chur chuige seo simpliú tábhachtach i mbainistiú tionscadail ar leibhéal na dtairbhithe. De bharr na roghanna simplithe costas amhail bunrátaí agus cnapshuimeanna is féidir le Ballstáit bainistíocht dírithe ar fheidhmíocht a thabhairt isteach ar leibhéal na dtairbhithe.

<u>Maidir le bainistiú díreach agus indíreach</u>

- Beidh cúnamh airgeadais ar fáil i gcás staideanna éigeandála, mar atá sainmhínithe sna forálacha ábhartha de na Rialacháin shonracha. Is é an Coimisiún a sheolfaidh an mheicníocht, i ndiaidh tionscnaimh ó na Ballstáit, ó Choiste Airteagal 71 (COSI) arna ionadú ag Uachtaránacht an Aontais faoi seach nó ó pháirtithe leasmhara eile amhail eagraíochtaí idirnáisiúnta (Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce, etc) agus gníomhaireachtaí an Aontais i gcúrsaí gnóthaí baile.
- Bainfear leas as gach modh féideartha chun ilroinnt a sheachaint trí acmhainní a dhíriú ar líon teoranta cuspóirí an Aontais a bhaint amach agus úsáid a bhaint as saineolas na bpríomhpháirtithe leasmhara, nuair is iomchuí, ar bhonn comhaontuithe comhpháirtíochta agus comhaontuithe réimse.
- I gcás na tacaíochta airgeadais d’fhorbairt na gcóras nua TF (“an pacáiste teorainneacha cliste”), cuirfear creat ilbhliantúil in ionad na gcinntí reatha bliantúla airgeadais a chuireann ar chumas an Choimisiúin na codanna lárnacha a fhorbairt.

### 5.3. Solúbthacht

<u>Maidir le bainistíocht chomhpháirteach</u>

- Braithfidh tionchar an athbhreithnithe mheántéarma ar an gcás sna Ballstáit. D’iarrfaí ar Bhallstáit a mheastar rioscaí breise a bheith acu nó a fhaigheann acmhainní breise chun tosaíochtaí sonracha an Aontais a chur chun feidhme na suimeanna ina bplean airgeadais a athbhreithniú agus nuair is iomchuí gnéithe a chur lena gclár.
- Is cuid lárnach den Chomhaontú Idirinstitiúideach ar Smacht Buiséadach í solúbthacht airgeadais agus de thogra an Choimisiúin le haghaidh an Rialacháin ar CAI 2014-2020. Léirítear freisin sa togra le haghaidh athbhreithnithe ar an Rialachán Airgeadais agus le haghaidh a rialacha chur chun feidhme. Cuirfear chun feidhme é

dá bhrí sin go háirithe tríd na meicníochtaí áirithe arna soláthar ag na tograí seo, agus aird á thabhairt mar phasanna lárnacha d'fhonn a gcur chun feidhme an clárú ilbhliantúil airgeadais agus a nuashonrú bliantúil, an leithdháileadh bliantúil airgeadais agus cur i bhfeidhm bliantúil an bhuiséid.

- Leagtar síos sna Rialacháin shonracha na méideanna a leithdháilfear ar an gclár náisiúnta, ar ghníomhaíochtaí an Aontais agus ar ghníomhaíochtaí eile. Mar sin féin, i bpacáiste iomlán an Rialacháin seo agus sna Rialacháin shonracha, foráiltear go bhféadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, suimeanna áirithe a athrú d'fhonn úsáid optamach bhuiséad an Aontais a áirithiú.

<u>Maidir le bainistiú díreach agus indíreach</u>

- Meastar leithreasaí bliantúla do ghníomhaíochtaí an Aontais, cúnamh éigeandála agus, faoi réir uasteorainneacha, an cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún, mar "chlúdach" amháin agus, dá bhrí sin, tá an uas-solúbthacht is fearr ann chun cinneadh a dhéanamh ó bhliain airgeadais amháin go bliain eile faoin áit a leithdháilfear na hacmhainní, ag brath ar na riachtanais shonracha.

- Sainmhínítear gníomhaíochtaí an Aontais go leathan d'fhonn na huirlisí riachtanacha uile a thabhairt don Choimisiún chun a chúraimí reachtóireachta agus comhordaithe beartais a chomhlíonadh.

  - Dírítear iontu ar ghnéithe trasnáisiúnta (comhar, anailís chomparáideacha, gréasáin), a dteastaíonn gníomhaíochtaí comhbheartaithe thar na Ballstáit uile uathu agus a thacaíonn go gníomhach le gníomhaíochtaí comhchoiteanna agus treisithe go frithpháirteach agus gníomhaithe eile ina gcomhdhlúthaítear comhar an Aontais agus ina gcruthaítear foghlaim fhrithpháirteach agus nuálaíocht.

  - Ceadaítear leo gníomhaíochtaí freisin nach gníomhaíochtaí trasnáisiúnta iad ach a bhfuil leas faoi leith acu don fhorbairt beartais sna réimsí sin don Aontas ina iomlán.

  - Féadfar gníomhaíochtaí i dtríú tíortha agus maidir le tríú tíortha a chumhdach leo.

  - Foráiltear go gcuirfear na rialacháin shonracha seo i bhfeidhm maidir le gach beartas agus gach cuspóir arna thacú ag na Cistí agus fiú gnéithe airgeadais a bhaineann le beartas in oibriú na gCistí. I gcás ghné teorainneacha agus víosaí an Chiste Inmheánaí Slándála, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis seo cur chun feidhme mheicníocht mheastóireachta agus faireacháin Schengen.

- Dá réir sin, foráiltear leis na Rialacháin shonracha freisin tacaíocht d'fhorbairt ghréasáin na sochaí sibhialta agus ghréasán trasnáisiúnta (don Chiste Tearmainn agus Imirce go háirithe) agus taighde a thástáil agus a bhailíochtú, e.g. tionscadail taighde fheidhmigh chun an bhearna idir Clár Horizon 2020 agus úsáid oibríochta a dhúnadh (i gcás an Chiste Slándála Inmheánaí go háirithe).

### 5.4. Creat comhtháite agus éifeachtach tuairiscithe, faireacháin agus meastóireachta

<u>Maidir le bainistíocht chomhpháirteach</u>

- Ar bhonn bliantúil, déanfaidh na Ballstáit tuairisciú ar chur chun feidhme an chláir ilbhliantúil, mar chuid lárnach d'fheidhm imréiteach na gcuntas. Chun cur leis an bpróiseas athbhreithnithe meántéarma, iarrfar orthu in 2017 faisnéis bhreise a chur ar

fáil ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le baint amach na gcuspóirí. Tabharfar faoi fheidhm chomhchosúil in 2019 chun coigeartuithe a dhéanamh le linn na bliana airgeadais deireanaí (2020) nuair is iomchuí sin.

- Ag tacú le forbairt cultúir bunaithe ar mheastóireacht i réimse na ngnóthaí baile, beidh creat coiteann meastóireachta agus faireacháin ag na Cistí ag a mbeidh táscairí leathana a bhaineann le beartas ina leagtar béim ar an gcur chuige dírithe ar thoradh sna Cistí agus ar an ról fíor-riachtanach a d'fhéadfadh a bheith acu sa mheascán beartais chun na cuspóirí do limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhaint amach. Baineann na táscairí seo leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na Cistí: forbairt cultúir choitinn na slándála teorann, an chomhair póilíneachta agus na bainistíochta géarchéime; bainistiú éifeachtach ar shreabha imirce chuig an Aontas; cóir chothrom agus chomhionann náisiúnach tríú tír; dlúthpháirtíocht agus comhar idir na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna imirce agus slándála inmheánaí agus cur chuige coitianta san Aontais ar an imirce agus ar an tslándáil araon maidir le tríú tíortha.

- D'fhonn cur i bhfeidhm leormhaith na bprionsabal ar mheastóireacht a áirithiú, agus aird á tabhairt ar an taithí phraiticiúil ar mheastóireacht sna Ballstáit faoi chistiú reatha an Aontais ar ghnóthaí baile, oibreoidh an Coimisiún agus na Ballstáit le chéile chun an creat coiteann meastóireachta agus faireacháin a fhorbairt trí bhearta cur chun feidhme, inter alia trí theimpléid agus táscairí aschuir agus toraidh coiteanna a shainmhíniú.

- Bunófar gach beart ag tús na tréimhse clárúcháin, agus ar an gcaoi sin cuirfear ar chumas na mBallstát a gcórais tuairiscithe agus mheastóireachta a bhunú ar bhonn na gceanglas agus na bprionsabal comhaontaithe.

- D'fhonn an t-ualach riaracháin a laghdú agus d'fhonn sineirgí idir tuairisciú agus meastóireacht a áirithiú, cuirfidh an fhaisnéis a theastaíonn do thuarascálacha meastóireachta leis an bhfaisnéis a chuireann na Ballstáit ar fáil sna tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme, agus cuirfidh sí i gcrích í.

- Tá an tuarascáil mheastóireachta eatramhaí dlite sa bhliain 2018 agus ba cheart go ndéanfadh sé tuilleadh forbartha ar an smaoineamh maidir leis an tréimhse chlárúcháin ina dhiaidh sin.

2011/0367 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**ina leagtar síos na forálacha ginearálta maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce agus maidir leis an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do chomhar póilíneachta, chun coireacht a chosc agus a chomhrac agus le haghaidh bainistíochta géarchéime**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 78(2), Airteagal 79(2), Airteagal 79(4), Airteagal 82(1), Airteagal 84 agus Airteagal 87(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[8],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[9],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é beartas gnóthaí baile an Aontais Eorpaigh limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chruthú: limistéar gan teorainneacha inmheánacha inar féidir le daoine dul isteach ann, a bheith ag cúrsaíocht, ag maireachtáil agus ag obair ann, iad muiníneach go bhfuil a gcearta á n-urramú go hiomlán agus go bhfuil a slándáil áirithithe, agus aird á tabhairt ar dhúshláin chomhchoiteanna amhail beartas cuimsitheach inimirce an Aontais a fhorbairt chun iomaíochas agus comhtháthú sóisialta an Aontais a bhreisiú, Comhchóras Tearmainn Eorpach a chruthú, agus bagairtí na coireachta eagraithe agus tromchúisí, na cibearchoireachta agus na sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac.

(2) Ba cheart gurb ionann cistiú an Aontais chun tacú le forbairt an limistéir seo agus comhartha inbhraite na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte freagrachta nach féidir déanamh dá uireasa agus freagairt á tabhairt ar dhúshláin chomhchoiteanna.

---

8 IO C, , lch. .

9 IO C, , lch. .

(3) Leis an gcreat coiteann, ba cheart go n-áiritheofaí an comhchuibheas, an simpliú agus an cur chun feidhme aonfhoirmeach den chistiú sin atá riachtanach thar na réimsí beartais lena mbaineann.

(4) Ba cheart go leagfaí síos i gcreat coiteann prionsabail an chúnaimh agus go sainaithneofaí freagrachtaí na mBallstát agus an Choimisiúin ó thaobh cur i bhfeidhm na bprionsabal sin a áirithiú.

(5) Bheadh cistiú seo an Aontais níos éifeachtaí agus níos dírithe dá mbunófaí cómhaoiniú le haghaidh gníomhaíochtaí incháilithe ar chlárúchán ilbhliantúil straitéiseach, arna dhréachtú ag gach Ballstát trí idirphlé leis an gCoimisiún.

(6) Ba cheart bearta i dtríú tíortha agus maidir le tríú tíortha a fhaigheann tacaíocht ó na Rialacháin shonracha seo a ghlacadh ar bhonn sineirgíochta agus comhtháthaithe le gníomhaíochtaí eile lasmuigh den Aontas trí bhíthin ionstraimí cúnaimh sheachtraigh an Aontais, idir gheografach agus théamach. Agus gníomhaíochtaí den sórt sin á gcur chun feidhme, ba cheart iarracht a dhéanamh teacht ar chomhchuibheas iomlán le prionsabail agus le cuspóirí ginearálta ghníomhaíocht sheachtrach agus beartas eachtrach an Aontais a bhaineann leis an tír nó leis an réigiún atá i gceist. Níor cheart go mbeadh sé i gceist leo tacú le gníomhaíochtaí atá dírithe ar fhorbairt go díreach agus ba cheart go ndéanfaidís comhlánú, nuair is iomchuí, ar an gcúnamh airgeadais arna sholáthar trí ionstraimí cabhrach seachtraí. Déanfar comhchuibheas le beartas daonnúil an Aontais a áirithiú, go háirithe maidir le cur chun feidhme an chúnaimh éigeandála.

(7) Ba cheart go mbeadh gníomhaíocht sheachtrach comhsheasmhach agus comhtháite mar atá leagtha amach in Airteagal 18(4) den CAE.

(8) Roimh ullmhú na gclár ilbhliantúil mar mhodh chun cuspóirí chistiú seo an Aontais a bhaint amach, ba cheart go nglacfadh na Ballstáit agus an Coimisiún páirt in idirphlé beartais agus dá bhrí sin bunófar straitéis chomhtháite maidir le gach Ballstát ar leith.

(9) Ba cheart go mbeadh an straitéis faoi réir athbhreithnithe mheántéarma, d’fhonn cistiú iomchuí a áirithiú sa tréimhse 2018-2020.

(10) Ba cheart do na Ballstáit comhpháirtíocht a bhunú leis na húdaráis agus leis na comhlachtaí lena mbaineann chun a gcláir náisiúnta a ullmhú, a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh orthu, ar feadh na tréimhse ilbhliantúla iomláine. Ba cheart do na Ballstáit coistí faireacháin a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar na cláir náisiúnta agus cabhrú leo athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chun feidhme agus ar an dul chun cinn i mbaint amach na gcuspóirí.

(11) Ba cheart incháilitheacht caiteachais faoi na cláir náisiúnta a chinneadh trí bhíthin dlí náisiúnta, faoi réir prionsabal coiteann. Ba cheart na dátaí tosaigh agus na dátaí deiridh a bhaineann le hincháilitheacht an chaiteachais a shainmhíniú chun foráil a dhéanamh maidir le rialacha aonfhoirmeacha agus cothroma is infheidhme maidir leis na cláir náisiúnta.

(12) Ba cheart do chúnamh teicniúil cur ar chumas na mBallstát tacú le cur chun feidhme a gclár náisiúnta agus cabhrú le tairbhithe i gcomhlíonadh a n-oibleagáidí agus dhlí an Aontais.

(13) D'fhonn creat iomchuí a áirithiú le cúnamh éigeandála gasta a sholáthar, ba cheart go gceadófaí de réir an Rialacháin seo tacaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí ar tabhaíodh caiteachas a bhaineann leo sula ndearnadh iarratas ar chúnamh den sórt sin, de réir na forála sa Rialachán Airgeadais[10] ina gceadaítear solúbthacht den sórt sin i gcásanna eisceachtúla cuí-réasúnaithe.

(14) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint trí bhíthin beart comhréireach ar feadh na timthrialla caiteachais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, nuair is iomchuí, pionóis.

(15) Ba cheart do na Ballstáit bearta leormhaithe a ghlacadh d'fhonn feidhmiú cuí an chórais bhainistíochta agus rialaithe agus an cháilíocht cur chun feidhme a áirithiú. Chuige sin, is gá na prionsabail ghinearálta agus na feidhmeanna riachtanacha a bhunú ar cheart do na córais seo a chomhlíonadh.

(16) Ba cheart na hoibleagáidí ar na Ballstáit maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe, cosc, brath agus ceartú neamhrialtachtaí dhlí an Aontais agus sáruithe air a shonrú d'fhonn cur chun feidhme éifeachtúil agus cuí a gclár náisiúnta a ráthú.

(17) I gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, ba cheart go mbeadh na Ballstáit freagrach go príomhúil, trína gcórais bhainistíochta agus rialaithe, as cur chun feidhme agus rialú na gclár náisiúnta.

(18) Is iad údaráis fhreagracha arna gcreidiúnú ag na Ballstáit amháin a thugann urrús réasúnach go bhfuil na rialuithe is gá curtha i gcrích sula ndeonaítear tacaíocht ó bhuiséad an Aontais do thairbhithe. Ba cheart a leagan síos go sainráite mar sin nach féidir ach caiteachas arna dhéanamh ag údaráis fhreagracha creidiúnaithe a aisíoc ó bhuiséad an Aontais.

(19) Ba cheart cumhachtaí agus freagrachtaí an Choimisiúin a bheith leagtha síos chun feidhmiú éifeachtach na gcóras bainistíochta agus rialaithe a dheimhniú, agus chun gníomhaíocht na mBallstát a cheangal.

(20) Ba cheart gealltanais bhuiséid an Aontais a chur i bhfeidhm gach bliain. D'fhonn bainistíocht éifeachtach clár a áirithiú, is gá comhrialacha a leagan síos maidir le hiarrataí ar iarmhéid bliantúil agus maidir leis an iarmhéid deiridh a íoc.

(21) Áirithíonn an íocaíocht réamh-mhaoinithe ag tús na gclár go bhfuil an Ballstát in acmhainn tacaíocht a thabhairt do thairbhithe maidir le cur chun feidhme an chláir ón tráth a gceadaítear an clár. Dá bhrí sin, ba cheart forálacha a dhéanamh maidir leis na méideanna réamh-mhaoinithe tosaigh. Ba cheart don réamh-mhaoiniú tosaigh a bheith imréitithe go hiomlán tráth a gcuirtear an clár i gcrích.

(22) Athbhreithniú tríbhliantúil den Rialachán Airgeadais[11] tugtar isteach athruithe ar na prionsabail um bainistíocht chomhpháirteach is gá a chur san áireamh.

---

[10] Athbhreithniú tríbhliantúil den Rialachán Airgeadais - Togra an Choimisiúin COIM(2010)0260

[11] Athbhreithniú tríbhliantúil den Rialachán Airgeadais - Togra an Choimisiúin COIM(2010)0260

(23) D'fhonn cuntasacht i leith caiteachais arna chómhaoiniú ag buiséad an Aontais i mbliain ar leith a neartú, ba cheart creat iomchuí a chruthú le haghaidh imréiteach bliantúil na gcuntas. Faoin gcreat seo, ba cheart don Údarás Freagrach a chur faoi bhráid an Choimisiúin, maidir le clár náisiúnta, dearbhú bainistíochta a mbeidh na cuntais bhliantúla, tuarascáil achoimre agus tuairim iniúchóra neamhspleách agus tuarascáil ar rialú ag gabháil leis.

(24) D'fhonn tacú leis an urrús is bun le himréiteach bliantúil na gcuntas ar fud an Aontais, ba cheart go leagfaí síos forálacha coiteanna maidir le cineál agus le leibhéal na seiceálacha atá le déanamh ag na Ballstáit.

(25) D'fhonn bainistíocht fhónta airgeadais acmhainní an Aontais a áirithiú, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach don Choimisiún ceartuithe airgeadais a dhéanamh. D'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú i leith na mBallstát, is tábhachtach na dálaí faoina bhféadfadh an Coimisiún ceartuithe airgeadais a dhéanamh, de dheasca sáruithe ar dhlí an Aontais nó ar dhlí náisiúnta is infheidhme, a shainiú. D'fhonn a áirithiú go bhfuil baint ag na ceartuithe airgeadais a d'fhéadfadh an Coimisiún a fhorchur ar Bhallstáit le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, níor cheart iad a úsáid ach i gcásanna ina bhfuil baint dhíreach nó indíreach ag an sárú ar dhlí an Aontais nó ar an dlí náisiúnta le hincháilitheacht, le rialtacht, le bainistíocht nó le rialú na ngníomhaíochtaí agus an chaiteachais chomhfhreagraigh. D'fhonn comhréireacht a áirithiú, is tábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún nádúr agus tromaíocht an tsáraithe a mheas le linn nó méid an cheartaithe airgeadais a chinneadh. I dtaca leis seo de, is iomchuí na critéir a leagan amach maidir le ceartuithe airgeadais ag an gCoimisiún a chur i bhfeidhm agus an nós imeachta a bhféadfaidh cinneadh ar an gceartú airgeadais mar thoradh air.

(26) Chun an caidreamh airgeadais idir na hÚdaráis Fhreagracha agus buiséad an Aontais a bhunú, ba cheart don Choimisiún cuntais na n-údarás sin a imréiteach gach bliain. Ba cheart don chinneadh maidir le himréiteach na gcuntas iomláine, cruinneas agus fírinneacht na gcuntas a chumhdach ach gan comhréireacht an chaiteachais le reachtaíocht an Aontais a chumhdach.

(27) Ba cheart don Choimisiún, atá freagrach as cur i bhfeidhm cuí dhlí an Aontais faoi Airteagal 17 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cinneadh a dhéanamh an gcomhlíonann an caiteachas arna thabhú ag na Ballstáit reachtaíocht an Aontais. Ba cheart go mbeadh sé de cheart ag na Ballstáit bonn údair a thabhairt lena gcinntí íocaíochtaí a dhéanamh. Chun urrúis dlí agus airgeadais a thabhairt do na Ballstáit maidir le caiteachas arna dhéanamh san am atá thart, ba cheart don Choimisiún uastréimhse a shocrú lena gcinnfear na hiarmhairtí airgeadais ba cheart a thiocfadh as neamh-chomhlíonadh.

(28) D'fhonn smacht airgeadais a spreagadh, is iomchuí na socruithe do shaoradh d'aon chuid den ghealltanas buiséadach i gclár náisiúnta a shainmhíniú, go háirithe nuair a d'fhéadfaí suim a eisiamh ón saoradh, go sonrach nuair a bhíonn moill ar an gcur chun feidhme mar thoradh ar imeacht dhlíthiúil nó achomharc riaracháin a mbíonn tionchar fionraitheach acu nó ar chúiseanna force majeur.

(29) Lena áirithiú go gcuirfear na rialacha ginearálta maidir le saoradh i bhfeidhm go cuí, ba cheart mionsonraí a thabhairt sna rialacha a bhunaítear faoin tslí ina leagtar síos na spriocdhátaí don saoradh agus faoin tslí ina ríomhtar na méideanna faoi seach.

(30) Tá sé tábhachtach éachtaí chistiú an Aontais a chur ar a súile don phobal i gcoitinne. Tá sé de cheart ag saoránaigh fios a bheith acu faoin gcaoi a ndéantar acmhainní airgeadais an Aontais a chaitheamh. Ba cheart go mbeadh freagracht ar na hÚdaráis Fhreagracha agus ar na tairbhithe araon as a áirithiú go gcuirtear an fhaisnéis chuí in iúl don phobal. D’fhonn éifeachtúlacht níos mó a áirithiú i gcumarsáid a dhéantar leis an bpobal i gcoitinne agus sinéirgí níos láidre a chothú idir na gníomhaíochtaí cumarsáide a dhéantar ar thionscnamh an Choimisiúin, rannchuideoidh an buiséad a leithdháilfear ar ghníomhaíochtaí cumarsáide faoi chistiú seo an Aontais freisin chun cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais Eorpaigh a chuimsiú ar an gcoinníoll go bhfuil siad bainteach le cuspóirí ginearálta an chistiúcháin seo ón Aontas.

(31) D'fhonn scaipeadh forleathan faisnéise maidir le cistiú an Aontais a áirithiú agus d’fhonn tairbhithe féideartha a chur ar an eolas faoi dheiseanna cistiúcháin, ba cheart rialacha mionsonraithe faoi bhearta cumarsáide agus faisnéise, mar aon le saintréithe teicniúla áirithe na mbeart sin, a shainmhíniú ar bhonn an Rialacháin seo agus ba cheart do gach Ballstát suíomh Gréasáin nó tairseach Gréasáin a bhunú ar a bhfuil an fhaisnéis riachtanach ar fáil.

(32) Braitheann éifeachtacht na ngníomhaíochtaí tacaithe ar a meastóireacht agus ar scaipeadh a dtorthaí freisin. Ba cheart freagrachtaí na mBallstát agus an Choimisiúin maidir leis seo, agus socruithe d’fhonn iontaofacht na meastóireachta agus cáilíocht na faisnéise lena mbaineann a áirithiú, a chur ar bhonn foirmiúil.

(33) Chun forálacha an Rialacháin seo ar na prionsabail choiteanna maidir le hincháilitheacht caiteachais a leasú, ba cheart an chumhacht a tharmligean don Choimisiún chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tá sé thar a bheith tábhachtach go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear le saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

(34) D’fhonn a áirithiú go mbeidh coinníollacha aonfhoirmeacha ann chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart dó cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún.[12].

(35) Ba cheart go mbainfí úsáid as an nós imeachta scrúdúcháin le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme ina leagtar síos oibleagáidí coiteanna ar Bhallstáit, go háirithe maidir le faisnéis a sholáthar don Choimisiún, agus ba cheart go mbainfí úsáid as an nós imeachta comhairleach chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis na foirmeacha eiseamláire chun faisnéis a sholáthar don Choimisiún, mar gheall ar iad a bheith chomh teicniúil sin.

---

12 IO L 55, 28.2.2011, lch 13.

(36) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon forálacha ginearálta a leagan síos, a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr a fhéadfar é a bhaint amach dá réir sin ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo níos faide ná mar is gá chun an cuspóir sin a chur i gcrích. I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Phrótacal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, ní bheidh na Ballstáit seo rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal orthu ná ní bheidh siad faoi réir a chur i bhfeidhm. [NÓ] *[I gcomhréir le hAirteagal 3 den Phrótacal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, thug an Ríocht Aontaithe agus Éire fógra gur mian leo a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur chun feidhme an Rialacháin seo.]*

(37) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Phrótacal maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal ar an Danmhairg ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm;

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I

# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

**Cuspóir agus raon feidhme**

Leagtar amach sa Rialachán seo rialacha ginearálta le haghaidh chur chun feidhme na Rialachán Sonrach maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) maoiniú caiteachais;

(b) comhpháirtíocht, clárúchán, tuairisciú, faireachán agus meastóireacht;

(c) na córais bhainistíochta agus rialaithe atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit;

(d) imréiteach na gcuntas.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) Ciallaíonn “Rialacháin Shonracha”

– Rialachán ../2012/AE [lena mbunaítear an Ciste Tearmainn agus Imirce don tréimhse 2014-2020];

– Rialachán…/2012/AE [lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do chomhar póilíneachta, chun coireacht a chosc agus a chomhrac agus le haghaidh bainistíochta géarchéime; agus

– Aon Rialachán eile lena bhforáiltear do chur chun feidhme an Rialacháin seo.

(b) ciallaíonn “clárúchán” an próiseas maidir le heagrú, cinneadh a ghlacadh agus maoiniú de réir céimeanna éagsúla a bhfuil sé d’aidhm acu comhghníomhaíocht an Aontais agus na mBallstát a chur chun feidhme, ar bhonn ilbhliantúil, chun cuspóirí na Rialachán Sonrach a bhaint amach;

(c) ciallaíonn “gníomhaíocht” tionscadal nó grúpa tionscadal arna roghnú ag Údarás Freagrach an chláir náisiúnta lena mbaineann, nó faoina chúram, lena gcuirtear le cuspóirí ginearálta agus sonracha arna saothrú leis na Rialacháin Shonracha;

(d) ciallaíonn “gníomhaíocht an Aontais” gníomhaíocht thrasnáisiúnta nó gníomhaíocht a bhfuil leas áirithe aici don Aontas mar atá sainmhínithe sna Rialacháin Shonracha;

(e) ciallaíonn “tionscadal” na modhanna sonracha, praiticiúla a mbaintear úsáid astu chun gníomhaíocht nó cuid de ghníomhaíocht tairbhí ranníocaíochta an Aontais a chur chun feidhme;

(f) ciallaíonn “cúnamh éigeandála” tionscadal nó grúpa tionscadal lena dtugtar aghaidh ar staid éigeandála mar atá sainmhínithe sna Rialacháin Shonracha;

(g) ciallaíonn “tairbhí” faighteoir ranníocaíochta ón Aontas faoi thionscadal, is cuma comhlacht poiblí nó príobháideach, eagraíochtaí idirnáisiúnta nó an Chros Dhearg (CICD), Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn Náisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg.

# CAIBIDIL II

# PRIONSABAIL AN CHÚNAIMH

*Airteagal 3*

**Prionsabail ghinearálta**

1. Cuirfear tacaíocht ar fáil leis na Rialacháin Shonracha, trí chláir náisiúnta, gníomhaíochtaí an Aontais agus cúnamh éigeandála, a chomhlánaíonn idirghabháil

náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, lena gcuirtear i bhfeidhm na cuspóirí arna saothrú ag an Aontas Eorpach.

2. Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go réitíonn an tacaíocht arna cur ar fáil faoi na Rialacháin Shonracha agus ag na Ballstáit le gníomhaíochtaí, le beartais agus le tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus go gcomhlánaíonn sí ionstraimí eile an Aontais Eorpaigh.

3. Déanfar an tacaíocht arna cur ar fáil faoi na Rialacháin Shonracha a chur chun feidhme i ndlúthchomhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit.

4. I gcomhréir lena bhfreagrachtaí faoi seach, áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit, in éineacht leis an an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí maidir le gníomhaíochtaí i dtríú tíortha agus maidir le tríú tíortha, comhordú idir an Rialachán seo agus na Rialacháin Shonracha, agus idir beartais agus ionstraimí eile an Aontais, lena n-áirítear na cinn sin faoi chuimsiú ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

5. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal [26] den Rialachán Airgeadais.

6. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit éifeacht na tacaíochta arna soláthar faoi na Rialacháin Shonracha a áirithiú, go háirithe trí fhaireachán, trí thuairisciú agus trí mheastóireacht.

7. Comhlíonfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit a ról faoi seach maidir leis an Rialachán seo agus leis na Rialacháin Shonracha d'fhonn an t-ualach riaracháin ar thairbhithe a laghdú.

*Airteagal 4*

**Comhlíonadh an dlí náisiúnta agus dhlí an Aontais**

Comhlíonfaidh gníomhaíochtaí arna maoiniú ag na Rialacháin Shonracha dlí náisiúnta agus dlí infheidhme an Aontais.

*Airteagal 5*

**Leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint**

1. Glacfaidh an Coimisiún bearta iomchuí lena n-áireofar, nuair a chuirtear gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi na Rialacháin Shonracha seo chun feidhme, go ndéanfar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne calaoise, éillitheachta nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha ar bith eile, trí rialaithe éifeachtacha agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, trí na méideanna a íocadh go míchuí a aisghabháil agus, más cuí, trí phionóis éifeachtacha, chionmhara agus dhíspreagthacha.

2. Déanfaidh na Ballstáit neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú agus gnóthóidh siad méideanna a íocadh go míchuí, mar aon le hús ar bith ar íocaíochtaí déanacha. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún fúthu seo agus coimeádfaidh siad

an Coimisiún ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta maidir le himeachtaí riaracháin agus dlíthiúla lena mbaineann.

3. Nuair nach féidir méideanna a íocadh go míchuí le tairbhí a aisghabháil mar thoradh ar locht nó ar fhaillí ar thaobh an Bhallstáit, beidh an Ballstát freagrach as na méideanna lena mbaineann a aisíoc le buiséad ginearálta an Aontais.

4. Soláthróidh Ballstáit cosaint éifeachtach i gcoinne calaoise, go háirithe i ndáil leis na limistéir a bhfuil leibhéal níos airde riosca ag gabháil leo, agus a bheidh mar bhac, ag féachaint do na tairbhí, agus do chomhréireacht na mbeart freisin.

5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 54, a bhaineann leis na hoibleagáidí atá ar Bhallstáit a shonraítear i mír 4.

6. Beidh cumhacht iniúchóireachta ag an gCoimisiún nó ag a ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúchóirí, ar bhonn doiciméad agus ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí de chuid an Aontais.

Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) rialuithe agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis an gcistiú sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 d'fhonn a shuí cibé acu ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile i ndáil le comhaontú nó cinneadh deontais nó le conradh a bhaineann le cistiú an Aontais nó nár tharla.

Gan dochar don chéad agus don dara fomhír, le comhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus comhaontuithe deontais agus cinntí deontais agus conarthaí mar thoradh ar an Rialachán seo agus na Rialacháin Shonracha a chur chun feidhme, tabharfar cead go sainráite don Choimisiún, don Chúirt Iniúchóirí agus do OLAF iniúchóireachtaí, rialuithe agus cigireachtaí den sórt sin ar an láthair a dhéanamh.

*Airteagal 6*

**Clárú**

Saothrófar cuspóirí na Rialachán Sonrach faoi chuimsiú na tréimhse clárúcháin ilbhliantúla ó 2014 go 2020, faoi réir athbhreithnithe mheántéarma i gcomhréir le hAirteagal 15.

# CAIBIDIL III

# CREAT AIRGEADAIS DO GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AN AONTAIS, DO CHÚNAMH ÉIGEANDÁLA AGUS DO CHÚNAMH TEICNIÚIL

*Airteagal 7*

**Creat cur chun feidhme**

1. Bunóidh an Coimisiún an tsuim fhoriomlán le cur ar fáil do ghníomhaíochtaí an Aontais, do chúnamh éigeandála agus do chúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún faoi leithreasaí bliantúla bhuiséad an Aontais.

2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an clár oibre le haghaidh ghníomhaíochtaí an Aontais agus cúnaimh éigeandála. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 55(3).

3. D’fhonn a áirithiú go mbeidh acmhainní ar fáil in am, féadfaidh go nglacfaidh an Coimisiún le clár oibre faoi leith le haghaidh cúnaimh éigeandála.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí an Aontais, cúnamh éigeandála agus cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún a chur chun feidhme

   – ag an gCoimisiún go díreach, nó trí ghníomhaireachtaí seachtracha;

   – go hindíreach, ag aonáin agus daoine seachas na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal [57] den Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 8*

**Cúnamh éigeandála**

1. Mar fhreagairt ar staid éigeandála mar atá sainmhínithe sna Rialacháin Shonracha, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh cúnamh éigeandála a chur ar fáil.

2. Laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil, féadfaidh an cúnamh éigeandála a bheith ionann le 100% den chaiteachas incháilithe.

3. D’fhéadfadh cúnamh i mBallstáit agus i dtríú tíortha a bheith i gceist leis i gcomhréir leis na cuspóirí agus leis na gníomhaíochtaí atá sainmhínithe sna Rialacháin Shonracha.

4. Féadfaidh cúnamh éigeandála tacú le caiteachas a tabhaíodh roimh an dáta a cuireadh isteach an t-iarratas ar dheontas nó an t-iarratas ar chúnamh, nuair is gá é seo leis an ngníomhaíocht a chur chun feidhme.

*Airteagal 9*

**Gníomhaíochtaí an Aontais agus cúnamh éigeandála i dtríú tíortha nó maidir le tríú tíortha**

1. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh gníomhaíochtaí an Aontais agus cúnamh éigeandála a mhaoiniú i dtríú tíortha nó maidir le tríú tíortha de réir na gcuspóirí agus na ngníomhaíochtaí atá sainmhínithe sna Rialacháin Shonracha.

2. Nuair a chuirtear gníomhaíochtaí den chineál sin chun feidhme go díreach, beidh cead ag na haonáin seo a leanas iarratais a chur isteach:

   (a) Ballstáit;

   (b) tríú tíortha;

   (c) comhchomhlachtaí arna mbunú ag na tríú tíortha agus ag an Aontas nó ag Ballstáit;

   (d) eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear eagraíochtaí réigiúnacha, comhlachtaí na NA, ranna agus misin, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais agus bainc forbartha agus institiúidí dlínse idirnáisiúnta sa mhéid go gcuireann siad le cuspóirí an Rialacháin Shonraigh nó na Rialachán Sonrach lena mbaineann;

   (e) Coise Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD), Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn Náisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg;

   (f) Eagraíochtaí neamhrialtasacha atá bunaithe agus cláraithe san Aontas agus sna tíortha a bhfuil baint acu le cur chun feidhme, le cur i bhfeidhm agus le forbairt acquis Schengen.

*Airteagal 10*

**Cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún**

1. Ar thionscnamh ón gCoimisiún, nó ar a shon, féadfar, trí bhíthin na Rialachán Sonrach, tacaíocht a sholáthar le haghaidh na mbeart ullmhúcháin, faireacháin, riaracháin agus cúnaimh theicniúil, chomh maith le bearta meastóireachta, iniúchóireachta agus rialaithe is gá d’fhonn an Rialachán seo agus na Rialacháin Shonracha a chur chun feidhme.

2. D’fhéadfaí na nithe seo a leanas a chur ar áireamh i measc na mbeart sin ach níl siad teoranta do:

   (a) cúnamh le tionscadal a ullmhú agus a mheas;

   (b) tacaíocht maidir le forbairt institiúide agus forbairt acmhainní riaracháin le haghaidh bhainistíocht éifeachtach an Rialacháin seo agus na Rialachán Sonrach;

(c) bearta a bhaineann le hanailís, bainistíocht, faireachán, malartú faisnéise agus cur chun feidhme an Rialacháin seo agus na Rialachán Sonrach, chomh maith le bearta a bhaineann le córais rialaithe agus cúnamh teicniúil agus riaracháin a chur chun feidhme;

(d) meastóireachtaí, tuarascálacha saineolaithe, staidreamh agus staidéir, lena n-áirítear iad siúd de chineál ginearálta maidir le feidhmiú na Rialachán Sonrach;

(e) gníomhaíochtaí chun faisnéis a scaipeadh, tacú le líonrú, gníomhaíochtaí cumarsáide a dhéanamh, feasacht a spreagadh agus comhar agus malartú taithí a chur chun cinn, lena n-áirítear le tríú tíortha. D'fhonn éifeachtúlacht níos mór a chruthú i gcumarsáid a dhéantar leis an bpobal i gcoitinne agus sineirgí níos láidre a chothú idir na gníomhaíochtaí cumarsáide a dhéantar ar thionscnamh an Choimisiúin, rannchuideoidh na hacmhainní a leithdháilfear ar ghníomhaíochtaí cumarsáide faoin Rialachán seo freisin chun cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais Eorpaigh a chuimsiú ar an gcoinníoll go bhfuil baint acu seo le cuspóirí ginearálta an Rialacháin seo agus na Rialachán Sonrach;

(f) córais ríomhairithe bainistíochta, faireacháin, iniúchóireachta, rialaithe agus meastóireachta a shuiteáil, a fheidhmiú agus a idirnascadh;

(g) dearadh creata choitinn le haghaidh meastóireachta agus faireacháin chomh maith le córas táscairí, agus táscairí náisiúnta á gcur san áireamh nuair is iomchuí sin;

(h) gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar mhodhanna meastóireachta agus ar mhalartú faisnéise maidir le cleachtais meastóireachta;

(i) comhdhálacha, seimineáir, ceardlanna agus bearta coiteanna faisnéise agus oiliúna eile maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo agus na Rialachán Sonrach d'údaráis ainmnithe agus do thairbhithe;

(j) gníomhaíochtaí a bhaineann le hiniúchóireacht.

3. Féadfaidh na gníomhaíochtaí a bheith bainteach leis na creataí airgeadais roimhe sin agus ina dhiaidh sin.

# CAIBIDIL IV

# CLÁIR NÁISIÚNTA

## ROINN 1
## CREAT CUR CHUN FEIDHME AGUS CLÁRÚCHÁIN

*Airteagal 11*

**Idirghabháil choimhdeach agus chomhréireach**

1. Beidh na Ballstáit agus na comhlachtaí ainmnithe acu chun na críche sin ("údaráis ainmnithe") freagrach as cláir a chur chun feidhme agus as a gcúraimí faoin Rialachán seo agus faoi na Rialacháin Shonracha a thabhairt chun críche ar an leibhéal iomchuí, de réir chreat institiúideach, dlí agus airgeadais an Bhallstáit agus faoi réir an Rialachán seo agus na Rialacháin Shonracha a bheith comhlíonta.

2. Cuirfear prionsabal na comhréireachta san áireamh sna socruithe maidir le cur chun feidhme agus úsáid na tacaíochta arna cur ar fáil faoi na Rialacháin Shonracha, agus go háirithe na hacmhainní airgeadais agus riaracháin is gá maidir le tuairisciú, meastóireacht, bainistiú agus rialú, agus aird chuí aige ar an leibhéal tacaíochta a thugtar.

*Airteagal 12*

**Comhpháirtíocht**

1. Eagróidh gach Ballstát, de réir a rialacha agus a gcleachtas náisiúnta, comhpháirtíocht le húdaráis agus le comhlachtaí lena mbaineann chun cláir náisiúnta a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

   Áireofar leis na húdaráis agus na comhlachtaí sin na húdaráis inniúla réigiúnacha, áitiúla, uirbeacha agus na húdaráis phoiblí eile, agus, nuair is iomchuí, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann na sochaí sibhialta, amhail eagraíochtaí neamhrialtasacha nó comhpháirtithe sóisialta.

2. Seolfar comhpháirtíocht go hiomlán de réir na dlínse institiúide, dlí agus airgeadais faoi seach a bheidh ag gach catagóir comhpháirtithe.

3. Beidh na comhpháirtithe páirteach in ullmhú, i gcur chun feidhme, i bhfaireachán agus i meastóireacht na gclár náisiúnta.

4. Bunóidh gach Ballstát coiste faireacháin chun tacú le cur chun feidhme na gclár náisiúnta.

5. Féadfaidh an Coimisiún páirt a ghlacadh in obair an choiste faireacháin mar chomhairleoir.

*Airteagal 13*

**Idirphlé beartais**

1. Chun an tréimhse chlárúcháin a sheoladh, beidh idirphlé beartais ag an gCoimisiún agus ag gach Ballstát maidir leis na ceanglais náisiúnta agus an ranníocaíocht a d'fhéadfaí a chur ar fáil le buiséad an Aontais chun na ceanglais sin a bhaint amach, agus aird á tabhairt ar an gcás bonnlíne sa Bhallstát lena mbaineann agus ar chuspóirí na Rialachán Sonrach. Beidh conclúid ar mhiontuairiscí comhaontaithe mar thoradh ar an idirphlé beartais nó malartú litreacha a shainaithneoidh tosaíochtaí agus riachtanais shonracha an Bhallstáit lena mbaineann agus a fheidhmeoidh mar an creat d'ullmhú na gclár náisiúnta.

   I gcás gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme i dtríú tíortha agus maidir leo, ní bheidh gníomhaíochtaí den chineál sin dírithe ar fhorbairt go díreach agus lorgófar san idirphlé beartais comhchuibheas iomlán leis na prionsabail agus le cuspóirí ginearálta ghníomhaíocht sheachtrach agus beartas eachtrach an Aontais a bhaineann leis an tír nó leis an réigiún atá i gceist.

2. I gcomhthéacs an scrúdúcháin ar an iarratas ar íocaíocht dá dtagraítear in Airteagal 39 agus na tuarascála ar chur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 49, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann agus an Coimisiún athbhreithniú ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme an chláir náisiúnta, agus aird á tabhairt ar chonclúidí an idirphlé beartais.

*Airteagal 14*

**Ullmhú agus formheas clár náisiúnta**

1. Beartóidh gach Ballstát, ar bhonn chonclúidí an idirphlé beartais dá dtagraítear in Airteagal 13(1), clár náisiúnta i gcomhréir leis na Rialacháin Shonracha.

2. Déanfar blianta airgeadais na tréimhse idir an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2020 a chumhdach i ngach clár beartaithe náisiúnta agus beidh na gnéithe seo a leanas ann:

   (a) cur síos ar an gcás bonnlíne sa Bhallstát;

   (b) anailís ar cheanglais sa Bhallstát agus na cuspóirí náisiúnta a ceapadh chun na ceanglais sin a chomhlíonadh le linn na tréimhse a chumhdaítear sa chlár;

   (c) straitéis iomchuí ina sainaithnítear na cuspóirí a bheidh le saothrú le tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, agus spriocanna dá mbaint amach, tráthchlár táscach agus samplaí de ghníomhaíochtaí atá beartaithe chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh;

   (d) na meicníochtaí lena n-áirithítear comhordú idir na hionstraimí arna mbunú leis na Rialacháin Shonracha agus ionstraimí eile de chuid an Aontais agus ionstraimí náisiúnta;

   (e) faisnéis ar an gcreat faireacháin agus meastóireachta atá le cur i bhfeidhm agus na táscairí atá le húsáid chun an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na gcuspóirí saothraithe a thomhas i dtaca leis an gcás bonnlíne sa Bhallstát;

(f) socruithe d’fhonn cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil thacaíocht bhuiséad an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear an úsáid bheartaithe as cúnamh teicniúil agus an cur chuige a roghnaítear chun prionsabal na comhpháirtíochta atá leagtha síos in Airteagal 12 a chur chun feidhme;

(g) dréachtphlean maoinithe miondealaithe de réir gach bliain airgeadais sa tréimhse;

(h) na meicníochtaí agus na modhanna atá le húsáid chun poiblíocht a dhéanamh ar an gclár náisiúnta;

(i) na forálacha cur chun feidhme le haghaidh an chláir náisiúnta, ina sonrófar aitheantas na n-údarás ainmnithe.

3. Cuirfidh na Ballstáit na cláir náisiúnta atá beartaithe faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis an t-idirphlé beartais dá dtagraítear in Airteagal 13(1) a thabhairt chun críche.

4. Déanfar na cláir náisiúnta a dhréachtú de réir na samhla arna glacadh ag an gCoimisiún. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 55(2).

5. Sula bhformheastar clár náisiúnta beartaithe, déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar na nithe seo a leanas:

(a) a chomhsheasmhacht le cuspóirí na Rialachán Sonrach agus le conclúidí an idirphlé beartais dá dtagraítear in Airteagal 13(1);

(b) ábharthacht na gcuspóirí, na spriocanna, na dtáscairí, an tráthchláir agus samplaí de ghníomhaíochtaí atá beartaithe sa chlár náisiúnta atá beartaithe i bhfianaise na straitéise atá beartaithe;

(c) ábharthacht na bhforálacha cur chun feidhme dá dtagraítear i bpointe (i) de mhír 2 i bhfianaise na ngníomhaíochtaí atá beartaithe;

(d) comhlíonadh dhlí an Aontais ag an gclár atá beartaithe;

(e) comhlántacht leis an tacaíocht arna soláthar ag Cistí eile an Aontais lena n-áirítear Ciste Sóisialta na hEorpa;

(f) Nuair is infheidhme faoi Rialachán Sonrach, le haghaidh cuspóirí agus samplaí gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme i dtríú tíortha agus maidir leo, comhchuibheas leis na prionsabail agus le cuspóirí ginearálta ghníomhaíocht sheachtrach agus beartas eachtrach an Aontais a bhaineann leis an tír nó leis an réigiún atá i gceist.

6. Tabharfaidh an Coimisiún barúlacha laistigh de thrí mhí ón dáta a chuirfear an clár náisiúnta beartaithe isteach. I gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil clár náisiúnta beartaithe ar neamhréir le cuspóirí na Rialachán Sonrach, nach bhfuil sé leordhóthanach i bhfianaise na straitéise nó nach gcomhlíonann sé dlí an Aontais, iarrfaidh sé ar an mBallstát lena mbaineann an fhaisnéis bhreise uile is gá a chur ar fáil agus, nuair is iomchuí, an clár náisiúnta beartaithe a leasú. Soláthróidh an

Ballstát an fhaisnéis bhreise uile is gá don Choimisiún agus, nuair is iomchuí, leasóidh sé an clár náisiúnta beartaithe dá réir sin.

7. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin ghníomh cur chun feidhme, gach clár náisiúnta a fhormheas tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis don Bhallstát é a chur isteach go foirmiúil, ar an gcoinníoll gur cuireadh aon bharúlacha a thug an Coimisiún san áireamh go cuí.

8. I bhfianaise dálaí nua nó gan choinne, ar thionscnamh ón gCoimisiún nó ón mBallstát lena mbaineann, féadfar clár náisiúnta formheasta a athscrúdú agus, más gá, a leasú don tréimhse atá fágtha den tréimhse chlárúcháin.

*Airteagal 15*

**Athbhreithniú meántéarma**

1. In 2017 déanfaidh an Coimisiún agus gach Ballstát an cás a athscrúdú, i bhfianaise na bhforbairtí i mbeartais an Aontais agus sa Bhallstát lena mbaineann.

2. I ndiaidh an athscrúdaithe sin, féadfaidh na Ballstáit a gcláir náisiúnta a leasú. Leasófar cláir náisiúnta do na Ballstáit sin a gheobhaidh leithdháiltí breise i gcomhréir leis na Rialacháin Shonracha.

3. Beidh feidhm mutatis mutandis ag na rialacha atá leagtha síos in Airteagal 14 maidir le hullmhú agus le formheas na gclár náisiúnta i leith ullmhú agus fhormheas na gclár náisiúnta leasaithe sin.

4. Leithdháilfidh an Coimisiún do Bhallstáit, trí bhíthin ghníomhartha cur chun feidhme, na hacmhainní do na cláir náisiúnta atá ar fáil faoi chuimsiú an athbhreithnithe mheántéarma faoi na Rialacháin Shonracha. Tar éis chur i gcrích an athbhreithnithe mheántéarma, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar an athbhreithniú meántéarma arna dhéanamh i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo agus na Rialachán Sonrach a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún.

*Airteagal 16*

**Struchtúr maoinithe**

1. Déanfar ranníocaíochtaí maoinithe arna gcur ar fáil faoi na cláir náisiúnta i bhfoirm deontas.

2. Déanfar gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi na cláir náisiúnta a chómhaoiniú ó fhoinsí poiblí nó príobháideacha, beidh siad neamhbhrabúsach agus ní bheidh siad faoi réir maoinithe ó fhoinsí eile a chumhdaítear i mbuiséad an Aontais.

3. Ní sháróidh an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais 75 % de chaiteachas incháilithe iomlán tionscadail.

4. Féadfar an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais a mhéadú go 90% faoi ghníomhaíochtaí sonracha nó faoi thosaíochtaí straitéiseacha mar atá sainmhínithe sna Rialacháin Shonracha.

5. Féadfar an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais a mhéadú go 90% freisin i ndálaí a bhfuil údar cuí leo, go háirithe más amhlaidh nach gcuirfí tionscadail chun feidhme agus nach mbainfí cuspóirí an chláir náisiúnta amach murach sin.

*Airteagal 17*

**Prionsabail ghinearálta Incháilitheachta**

1. Déanfar incháilitheacht caiteachais a chinneadh ar bhonn rialacha náisiúnta, cé is moite de chásanna ina bhfuil rialacha sonracha leagtha síos sa Rialachán seo nó sna Rialacháin Shonracha.

2. I gcomhréir leis na Rialacháin Shonracha, d’fhonn go mbeadh an caiteachas incháilithe, ní mór dó na nithe seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) ní mór dó a bheith faoi raon feidhme na Rialachán Sonrach agus a gcuspóirí;

(b) ní mór dó a bheith ag teastáil chun na gníomhaíochtaí dá gcumhdaítear sa tionscadal lena mbaineann a dhéanamh;

(c) ní mór dó a bheith réasúnta agus prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais a chomhlíonadh, go háirithe luach ar airgead agus cost-éifeachtúlacht.

3. Beidh caiteachas incháilithe le haghaidh tacaíochta faoi na Rialacháin Shonracha má bhaineann na nithe seo a leanas leis:

– rinne tairbhí é a thabhú agus a íoc idir an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2022; agus

– d’íoc an tÚdarás Freagrach creidiúnaithe é i ndáiríre idir an 1 Eanáir 2014 agus an 30 Meitheamh 2023.

4. Tacófar leis an gcaiteachas arna chur ar áireamh in iarratais ar íocaíocht ón tairbhí chuig an Údarás Freagrach le sonraisc nó le doiciméid chuntasaíochta a mbeidh luach profach coibhéiseach ag gabháil leo, cé is moite de chineálacha tacaíochta faoi Airteagal 18(1)(b), (c) agus (d). I gcás cineálacha tacaíochta den sórt sin, de mhaolú ar mhír 3, is ionann na méideanna arna gcur ar áireamh san iarratas ar íocaíocht agus an costas arna aisíoc leis an tairbhí ag an Údarás Freagrach.

5. Déanfar glanioncam arna ghiniúint go díreach ó thionscadal le linn a chur chun feidhme nár cuireadh san áireamh ag tráth formheasta an tionscadail a asbhaint ó chaiteachas incháilithe an tionscadail san iarratas ar íocaíocht deiridh arna chur isteach ag an tairbhí.

*Airteagal 18*

**Caiteachas incháilithe**

1. Féadfar caiteachas incháilithe a aisíoc ar na bealaí seo a leanas:

   (a) Aisíoc na gcostas incháilithe arna dtabhú agus arna n-íoc go hiarbhír, mar aon le dímheas, nuair is infheidhme;

   (b) scála caighdeánach costas aonaid;

   (c) cnapshuimeanna;

   (d) maoiniú ar ráta comhréidh, arna chinneadh trí chéatadán a chur i bhfeidhm maidir le catagóir sainithe costas amháin nó níos mó.

2. Féadfar na roghanna dá dtagraítear i mír 1 a chur le chéile i gcás ina gcumhdaíonn gach ceann catagóir dhifriúil costas nó i gcás ina n-úsáidtear iad le haghaidh tionscadal éagsúil atá ina gcuid de ghníomhaíocht nó le haghaidh céimeanna leantacha gníomhaíochta.

3. I gcás ina gcuirtear tionscadal chun feidhme go heisiach trí oibreacha, trí earraí nó trí sheirbhísí a sholáthar, ní bheidh feidhm ach le mír 1 (a).

4. Bunófar na méideanna dá dtagraítear i mír 1 (b), (c) agus (d) roimh ré ar cheann de na bealaí seo a leanas:

   (a) modh ríofa cóir, cothrom agus infhíoraithe bunaithe orthu seo a leanas:

      (i) sonraí staidrimh nó faisnéis oibiachtúil eile; nó

      (ii) sonraí stairiúla fíoraithe faoi thairbhithe aonair nó cur i bhfeidhm a ngnáthchleachtas maidir le cuntasaíocht chostála;

   (b) modhanna agus scála comhfhreagrach costas aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe is infheidhme i mbeartais an Aontais le haghaidh gníomhaíochta/tionscadail agus tairbhí den chineál céanna;

   (c) modhanna agus scála comhfhreagrach costas aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe arna gcur i bhfeidhm faoi scéimeanna maidir le deontais arna gcistiú go hiomlán ag an mBallstát le haghaidh gníomhaíochta/tionscadail agus tairbhí den chineál céanna;

5. Leagfar amach an modh a chuirfear i bhfeidhm chun costais na gníomhaíochta agus na coinníollacha maidir le híocaíocht an deontais a chinneadh sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha le haghaidh tacaíochta do gach tionscadal/gníomhaíocht.

6. I gcás ina n-eascraíonn costais indíreacha as cur chun feidhme tionscadail, féadfar iad a ríomh mar ráta comhréidh ar cheann de na bealaí seo a leanas:

   (a) ráta comhréidh suas le 20% de na costais dhíreacha incháilithe, i gcás ina ndéantar an ráta a ríomh ar bhonn modha ríofa atá cóir, cothrom agus infhíoraithe nó ar bhonn modha arna chur i bhfeidhm faoi scéimeanna i gcomhair deontas arna gcistiú go hiomlán ag an mBallstát le haghaidh gníomhaíochta/tionscadail nó tairbhí den chineál céanna;

(b) ráta comhréidh suas le 15% de na costais foirne dhíreacha incháilithe; nó

(c) ráta comhréidh a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na costais dhíreacha incháilithe bunaithe ar mhodhanna reatha agus ar rátaí comhfhreagracha, agus is infheidhme i mbeartais de chuid an Aontais le haghaidh gníomhaíochta/tionscadail agus tairbhí den chineál céanna.

7. Beidh deontais nach mó an tacaíocht ó bhuiséad an Aontais ina leith ná EUR 50,000 i bhfoirm cnapshuimeanna nó scála chaighdeánaigh costas aonaid.

8. Is féidir maoiniú ar ráta comhréidh, scála caighdeánach costas aonaid agus cnapshuimeanna dá dtagraítear i mír 4 a ríomh de réir an tionscadail trí thagairt a dhéanamh do dhréachtbhuiséad arna chomhaontú ex ante ag an Údarás Freagrach le haghaidh deontas nach mó an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais ina leith ná EUR 100,000.

9. Féadfar breathnú ar chostais dímheasa mar incháilithe faoi na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá an caiteachas incháilithe i gcomhréir le rialacha incháilitheachta an chláir náisiúnta;

(b) tá údar cuí léirithe le méid an chaiteachais trí dhoiciméid tacaíochta a bhfuil luach profach coibhéiseach le sonraisc acu i gcás aisíoca san fhoirm dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír (1);

(c) baineann na costais go heisiach leis an tréimhse tacaíochta don tionscadal;

(d) níl tacaíocht ó bhuiséad an Aontais tar éis ranníocaíocht a dhéanamh i dtreo éadáil na sócmhainní dímheasta.

*Airteagal 19*

**Caiteachas neamh-incháilithe**

Ní bheidh an caiteachas seo a leanas incháilithe i gcomhair ranníocaíochta ó bhuiséad an Aontais faoi na Rialacháin Shonracha:

(a) ús ar fhiracha;

(b) ceannach talún nár tógadh uirthi;

(c) ceannach talún ar tógadh uirthi, i gcás gur gá an talamh do chur chun feidhme an tionscadail, ar mhéid a sháraíonn 10% den chaiteachas iomlán incháilithe don tionscadal lena mbaineann;

(d) cáin bhreisluacha. Mar sin féin, beidh méideanna CBL incháilithe i gcás nach bhfuil siad inghnóthaithe faoin reachtaíocht náisiúnta CBL agus gur tairbhí seachas duine neamh-inchánach mar a shainítear sa chéad fhomhír d’Airteagal 13(1) de Threoir 2006/112/CE a íocfaidh iad, ar an gcoinníoll nach dtabhaítear na méideanna sin CBL i gcás bonneagar a sholáthar.

*Airteagal 20*

**Cúnamh teicniúil ar thionscnamh ó na Ballstáit**

1. Ar thionscnamh ó Bhallstát le haghaidh gach cláir náisiúnta, féadfaidh na Rialacháin Shonracha tacú le gníomhaíochtaí maidir le hullmhú, le bainistiú, le faireachán, le meastóireacht, le faisnéis agus le cumarsáid, le líonrú, le rialú agus le hiniúchóireacht, chomh maith le bearta i ndáil le treisiú an chumais riaracháin le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin seo agus na Rialachán Sonrach.

2. D'fhéadfaí na nithe seo a leanas a chur ar áireamh i measc na mbeart sin:

(a) caiteachas a bhaineann le hullmhú, le roghnú, le measúnacht, le bainistiú agus le faireachán gníomhaíochtaí nó tionscadal;

(b) caiteachas a bhaineann le hiniúchóireachtaí agus le rialuithe ar an láthair ar ghníomhaíochtaí nó ar thionscadail;

(c) caiteachas a bhaineann le meastóireachtaí ar ghníomhaíochtaí nó ar thionscadail;

(d) caiteachas a bhaineann le faisnéis, le scaipeadh agus le trédhearcacht i ndáil le gníomhaíochtaí nó le tionscadail;

(e) caiteachas ar éadáil, ar shuiteáil agus ar chothabháil córas ríomhairithe do bhainistiú, d'fhaireachán agus do mheastóireacht an Rialacháin seo agus na Rialachán Sonrach;

(f) caiteachas ar chruinnithe na gcoistí faireacháin agus na bhfochoistí a bhaineann le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí; féadfaidh an caiteachas seo costais saineolaithe agus rannpháirtithe eile sna coistí seo a áireamh, lena n-áirítear rannpháirtithe tríú tír i gcás gur riachtanach iad a bheith i láthair do chur chun feidhme gníomhaíochtaí nó tionscadal;

(g) caiteachas ar threisiú an chumais riaracháin do chur chun feidhme an Rialacháin seo agus na Rialachán Sonrach.

3. Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as na leithreasaí d'fhonn tacú le gníomhaíochtaí chun an t-ualach riaracháin ar thairbhithe a laghdú, lena n-áirítear córais malartaithe leictreonaigh sonraí, agus gníomhaíochtaí d'fhonn dlús a chur faoi chumas údaráis agus thairbhithe an Bhallstáit an tacaíocht dá bhforáiltear leis na Rialacháin Shonracha a riar agus a úsáid.

4. Féadfaidh na gníomhaíochtaí a bheith bainteach leis na creataí airgeadais roimhe sin agus ina dhiaidh sin.

## Roinn 2
## Bainistíocht agus Rialú

*Airteagal 21*

**Prionsabail ghinearálta maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe**

Déanfar foráil sna córais bhainistíochta agus rialaithe don mhéid seo a leanas:

(a) cur síos ar fheidhmeanna gach comhlachta lena mbaineann bainistíocht agus rialú, agus leithdháileadh feidhmeanna laistigh de gach comhlacht;

(b) comhlíonadh an phrionsabail deighilte feidhmeanna idir comhlachtaí den chineál sin nó laistigh díobh;

(c) nósanna imeachta d'fhonn ceartaiseacht agus rialtacht an chaiteachais a dhearbhaítear a áirithiú;

(d) córais ríomhairithe maidir le cuntasaíocht, maidir le stóráil agus tarchur sonraí airgeadais agus sonraí ar tháscairí, maidir le faireachán agus maidir le tuairisciú;

(e) córais maidir le tuairisciú agus faireachán i gcás ina gcuireann an tÚdarás Freagrach cúraimí ar iontaoibh comhlachta eile;

(f) socruithe maidir le feidhmiú na gcóras bainistíochta agus rialaithe a iniúchadh;

(g) córais agus nósanna imeachta d'fhonn raon iniúchóireachta leormhaith a áirithiú;

(h) neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú, lena n-áirítear calaois, agus suimeanna a íocadh go míchuí a ghnóthú, mar aon le hús ar bith.

*Airteagal 22*

**Freagrachtaí na mBallstát**

1. Comhlíonfaidh na Ballstáit na hoibleagáidí bainistithe, rialaithe agus iniúchóireachta agus glacfaidh siad leis na freagrachtaí a thig as sin atá leagtha síos sna rialacha ar bhainistiú comhpháirteach atá leagtha amach sa Rialachán Airgeadais agus sa Rialachán seo. I gcomhréir le prionsabal an bhainistithe chomhpháirtigh, beidh na Ballstáit freagrach as bainistiú agus as rialú na gclár náisiúnta.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar a gcórais bhainistíochta agus rialaithe le haghaidh na gclár a bhunú i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo agus go bhfeidhmeoidh na córais go héifeachtach.

3. Leithdháilfidh na Ballstáit acmhainní leordhóthanacha ar gach comhlacht chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar feadh na tréimhse clárúcháin.

4. Bunóidh na Ballstáit rialacha agus nósanna imeachta chun tionscadail a roghnú agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán seo.

5. Cuirfear gach malartú oifigiúil faisnéise idir na Ballstáit agus an Coimisiún i gcrích trí úsáid a bhaint as córas malartaithe leictreonaigh sonraí arna bhunú ag an gCoimisiún.

*Airteagal 23*

**Údaráis ainmnithe**

1. Le haghaidh chur chun feidhme a chláir náisiúnta, ainmneoidh gach Ballstát na comhlachtaí seo a leanas:

(a) údarás creidiúnúcháin mar atá sainmhínithe in Airteagal [56] den Rialachán Airgeadais;

(b) Údarás Freagrach creidiúnaithe: comhlacht earnála poiblí de chuid an Bhallstáit, a bheidh freagrach as bainistiú agus rialú an chláir náisiúnta agus a dhéanfaidh an chumarsáid uile leis an gCoimisiún a láimhseáil;

(c) Údarás Iniúchóireachta: údarás nó comhlacht náisiúnta poiblí, atá neamhspleách ó thaobh feidhme ar an Údarás Freagrach agus ar an údarás creidiúnúcháin agus a bheidh freagrach as feidhmiú éifeachtach an chórais bhainistíochta agus rialaithe a dheimhniú;

(d) nuair is iomchuí, Údarás Tarmligthe: comhlacht poiblí nó príobháideach ar bith a thugann faoi thascanna áirithe an Údaráis Fhreagraigh faoi chúram an Údaráis sin.

2. Leagfaidh gach Ballstát síos rialacha lena rialaítear a chaidreamh leis na húdaráis dá dtagraítear i mír 1 agus a gcaidreamh leis an gCoimisiún.

*Airteagal 24*

**Creidiúnú Údarás Freagrach**

1. I gcomhréir le hAirteagal [56(3)] den Rialachán Airgeadais, déanfar gach Údarás Freagrach atá freagrach as caiteachas a bhainistiú agus a rialú faoin Rialachán seo a chreidiúnú le cinneadh foirmiúil ó údarás creidiúnúcháin ar leibhéal aireachta.

2. Bronnfar an creidiúnú ar choinníoll go gcomhlíonann an comhlacht na critéir chreidiúnúcháin maidir le timpeallacht inmheánach, gníomhaíochtaí rialaithe, faisnéis agus cumarsáid, agus faireacháin atá leagtha síos sa Rialachán seo nó atá ar bhonn an Rialacháin seo.

3. Beidh an creidiúnú bunaithe ar thuairim comhlachta iniúchóireachta atá neamhspleách a dhéanann measúnú ar chomhlíonadh an Údaráis Fhreagraigh leis na critéir chreidiúnaithe. Déanfaidh an comhlacht iniúchóireachta neamhspleách a chuid

oibre i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta.

4. Déanfaidh an t-údarás creidiúnúcháin maoirseacht ar an Údarás Freagrach agus déanfaidh sé creidiúnú an chomhlachta sin a tharraingt siar le cinneadh foirmiúil más rud é nach gcomhlíontar a thuilleadh ceann amháin nó níos mó de na critéir chreidiúnúcháin, ach amháin má dhéanann an tÚdarás Freagrach na bearta leasúcháin is gá laistigh de thréimhse phromhaidh a bheidh le cinneadh ag an údarás creidiúnúcháin i gcomhréir le déine na faidhbe. Tabharfaidh an comhlacht creidiúnúcháin fógra don Choimisiún láithreach maidir le tréimhse phromhaidh ar bith a shocrú d'Údarás Freagrach creidiúnaithe nó maidir le cinneadh ar bith a tharraingt siar.

5. Chun feidhmiú fónta an chórais seo a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 54 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) coinníollacha íosta do chreidiúnú na nÚdarás Freagrach agus aird ar an timpeallacht inmheánach, ar ghníomhaíochtaí rialaithe, ar fhaisnéis agus ar chumarsáid, agus ar fhaireachán, chomh maith le rialacha ar an nós imeachta chun creidiúnú a eisiúint agus a tharraingt siar;

(b) rialacha a bhaineann le maoirseacht agus leis an nós imeachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar chreidiúnú Údarás Freagrach;

(c) oibleagáidí na nÚdarás Freagrach maidir le hidirghabháil phoiblí, chomh maith lena bhfuil ina bhfreagrachtaí bainistíochta agus rialaithe.

*Airteagal 25*

**Prionsabail ghinearálta maidir le rialuithe ag Údaráis Fhreagracha**

1. Déanfaidh na hÚdaráis Fhreagracha rialú córasach riaracháin ar na hiarratais uile ar íocaíocht ó na tairbhithe agus forlíonfaidh siad iad le rialuithe ar an láthair ar an gcaiteachas a bhaineann leis na hiarratais ar íocaíocht dheiridh ó na tairbhithe atá dearbhaithe sna cuntais bhliantúla d'fhonn leibhéal iomchuí dearbhaithe a fháil.

2. Maidir leis na rialuithe ar an láthair, roghnóidh an tÚdarás Freagrach a shampla rialaithe ó dhaonra iomlán na dtairbhithe lena gcuimseofar, nuair is iomchuí, cuid randamach agus cuid bunaithe ar riosca, d'fhonn ráta earráide ionadaí agus íosleibhéal muiníne a fháil, agus ag díriú freisin ar na hearráidí is airde.

3. Ullmhóidh an tÚdarás Freagrach tuarascáil ar rialú maidir le gach rialú ar an láthair.

4. Nuair is léir go bhfuil fadhbanna a aimsítear córasach agus dá bhrí sin gurb ionann iad agus riosca do thionscadail eile, áiritheoidh an tÚdarás Freagrach go dtabharfar faoi imscrúdú eile, lena n-áirítear rialuithe breise nuair is gá, chun scála fadhbanna den chineál sin a dhéanamh amach agus cé acu an bhfuil an ráta earráide níos airde ná an leibhéal ábharthachta. Tabharfaidh an tÚdarás Freagrach faoi na bearta coisctheacha agus ceartaitheacha is gá agus cuirfear in iúl don Choimisiún iad sa tuarascáil achomair dá dtagraítear in Airteagal 39(1)(c).

5. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha is gá a ghlacadh d'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Airteagail seo a bhaint amach. Bainfidh na rialacha seo leis an méid seo a leanas, go háirithe:

(a) na rialacha i dtaobh rialuithe riaracháin agus rialuithe ar an láthair a dhéanfaidh na Ballstáit maidir le hurramú na n-oibleagáidí, na dtiomantas agus na rialacha incháilitheachta a thagann chun cinn de thoradh chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus na Rialachán Sonrach;

(b) na rialacha maidir le híosleibhéal na rialuithe ar an láthair is gá chun na rioscaí a bhainistiú go héifeachtach, mar aon leis na dálaí faoina mbeidh ar na Ballstáit líon na rialuithe sin a mhéadú, nó faoinar féidir leo iad a laghdú i gcás ina bhfeidhmíonn na córais bhainistíochta agus rialaithe go cuí agus ina bhfuil na rátaí earráide ar leibhéal atá inghlactha;

(c) na rialacha agus na modhanna maidir le tuairisc a thabhairt ar na rialuithe agus ar an bhfíorú a rinneadh agus ar thorthaí na rialuithe agus an fhíoraithe sin.

Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 55(3).

*Airteagal 26*

**Íocaíocht le tairbhithe**

Áiritheoidh na hÚdaráis Fhreagracha go bhfaighidh na tairbhithe méid iomlán na tacaíochta poiblí a luaithe is féidir agus ina iomlán. Ní dhéanfar méid ar bith a asbhaint ná a choinneáil siar agus ní thoibheofar muirear sonrach ar bith ná muirear ar bith comhéifeachta a laghdódh na méideanna sin le haghaidh na dtairbhithe.

*Airteagal 27*

**Feidhmeanna an údaráis iniúchóireachta**

1. Áiritheoidh an t-údarás iniúchóireachta go ndéanfar iniúchóireachtaí ar na córais bhainistíochta agus rialaithe, ar shampla iomchuí den chaiteachas atá ar áireamh sna cuntais bhliantúla.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 54 a bhaineann le stádas na nÚdarás Freagrach agus na dálaí a chomhlíonfar ina gcuid iniúchóireachtaí.

2. I gcás ina ndéanfaidh comhlacht seachas an tÚdarás Iniúchóireachta iniúchóireachtaí, áiritheoidh an tÚdarás Iniúchóireachta go mbeidh an neamhspleáchas ó thaobh feidhme is gá ag an gcomhlacht sin.

3. Áiritheoidh an tÚdarás Iniúchóireachta go gcuirfear caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta san áireamh san obair iniúchóireachta.

*Airteagal 28*

**Comhar le húdaráis iniúchóireachta**

1. Comhoibreoidh an Coimisiún le húdaráis iniúchóireachta faoi seach d'fhonn a bpleananna agus a modhanna iniúchóireachta a chomhordú agus déanfaidh sé torthaí na n-iniúchóireachtaí arna ndéanamh ar chórais bhainistíochta agus rialaithe a mhalartú láithreach.

2. Tiocfaidh an Coimisiún agus na húdaráis iniúchóireachta le chéile ar bhonn rialta agus uair amháin sa bhliain ar a laghad, mura gcomhaontaítear a mhalairt, d'fhonn an tuarascáil bhliantúil ar rialú agus an tuairim a scrúdú, agus d'fhonn tuairimí a mhalartú maidir le ceisteanna a bhaineann le feabhas a chur ar na córais bhainistíochta agus rialaithe.

*Airteagal 29*

**Rialuithe agus iniúchóireachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún**

1. Beidh an Coimisiún ag brath ar an bhfaisnéis atá ar fáil, lena n-áirítear an nós imeachta creidiúnúcháin, na dearbhuithe bainistíochta bliantúla, na tuarascálacha bliantúla ar rialú, na tuairimí iniúchóra bliantúla, na tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme arna ndéanamh ag comhlachtaí náisiúnta agus ag comhlachtaí an Aontais, le meastóireacht a dhéanamh go bhfuil córais bhainistíochta agus rialaithe curtha ar bun ag na Ballstáit a chomhlíonann an Rialachán seo agus go bhfeidhmíonn na córais seo go héifeachtach le linn chur chun feidhme na gclár náisiúnta.

2. Gan dochar d'iniúchóireachtaí arna ndéanamh ag Ballstáit, féadfaidh oifigigh an Choimisiúin nó ionadaithe údaraithe an Choimisiúin iniúchóireachtaí nó rialuithe ar an láthair a dhéanamh ar réamhfhógra leordhóthanach a thabhairt. Féadfaidh ionadaithe an Bhallstáit nó oifigigh údaraithe an Bhallstáit páirt a ghlacadh sna hiniúchóireachtaí nó sna rialuithe sin.

3. Féadfar na nithe seo a leanas a chur ar áireamh i raon feidhme na n-iniúchóireachtaí nó na rialuithe:

(a) fíorú maidir le feidhmiú éifeachtach na gcóras bainistíochta agus rialaithe i gclár náisiúnta nó i gcuid de;

(b) comhlíonadh cleachtas riaracháin le rialacha an Aontais;

(c) doiciméid tacaíochta is gá a bheith ann agus a gcomhghaol leis na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi na cláir náisiúnta;

(d) na téarmaí ar gabhadh na gníomhaíochtaí ar láimh ina leith agus ar rialaíodh iad;

(e) measúnú ar bhainistiú fónta airgeadais na ngníomhaíochtaí nó an chláir náisiúnta.

4. Oifigigh an Choimisiúin nó ionadaithe údaraithe an Choimisiúin, ar tugadh an chumhacht chuí dóibh chun iniúchóireachtaí ar an láthair a dhéanamh, beidh rochtain acu ar na taifid, doiciméid agus meiteashonraí uile, is cuma cén meán ina stóráiltear iad, a bhaineann le caiteachas nó leis na córais bhainistíochta agus rialaithe. Soláthróidh na Ballstáit cóipeanna de na taifid, doiciméid agus meiteashonraí sin don Choimisiún arna iarraidh sin.

Ní dhéanfaidh na cumhachtaí atá leagtha amach sa mhír seo difear do chur chun feidhme forálacha náisiúnta lena bhforchoimeádtar gníomhartha áirithe do ghníomhaithe arna n-ainmniú go sonrach leis an reachtaíocht náisiúnta. Ní ghlacfaidh ionadaithe údaraithe agus oifigigh an Choimisiúin páirt, inter alia, i gcuairteanna baile ná i gceistiú foirmiúil daoine faoi chuimsiú na reachtaíochta náisiúnta. Mar sin féin, beidh rochtain acu ar an bhfaisnéis a gheofar ar an gcaoi sin.

5. Arna iarraidh sin don Choimisiún agus le comhaontú an Bhallstáit, déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit sin rialuithe nó fiosruithe breise maidir le gníomhaíochtaí a chumhdaítear sa Rialachán seo a ghabháil ar láimh. Féadfaidh gníomhairí an Choimisiúin nó daoine arna dtarmligean ag an gCoimisiún a bheith páirteach sna rialuithe sin.

Chun na rialuithe a fheabhsú, féadfaidh an Coimisiún, le comhaontú na mBallstát lena mbaineann, cúnamh a iarraidh ar údaráis na mBallstát sin le haghaidh rialuithe nó fiosrúchán áirithe.

6. Féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar Bhallstát na gníomhaíochtaí is gá a ghlacadh d’fhonn feidhmiú éifeachtach a chórais bhainistíochta agus rialaithe nó ceartaiseacht an chaiteachais a fhíorú i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.

## ROINN 3
## BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

*Airteagal 30*

**Gealltanais bhuiséadacha**

1. Déanfar gealltanais bhuiséadacha an Aontais i ndáil le gach clár náisiúnta i dtráthchodanna bliantúla sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2020.

2. Is éard a bheidh sa chinneadh ón gCoimisiúin lena bhformheastar gach clár náisiúnta an cinneadh maoinithe de réir bhrí Airteagal [81(2)] den Rialachán Airgeadais, agus nuair a fhógraítear don Bhallstát lena mbaineann, ceangaltas dlí de réir bhrí an Rialacháin sin.

3. I gcás gach cláir náisiúnta, leanfaidh an gealltanas buiséadach maidir leis an gcéad tráthchuid formheas an chláir náisiúnta ag an gCoimisiún.

4. I gcás na gceangaltas buiséadach do thráthchodanna ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún iad roimh an 1 Bealtaine gach bliain, ar bhonn an chinnidh dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, ach amháin i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal [13] den Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 31*

**Comhrialacha maidir le híocaíochtaí**

1. Déanfaidh an Coimisiún an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais leis an gclár náisiúnta a íoc i gcomhréir le leithreasaí buiséid agus faoi réir an chistiúcháin atá ar fáil. Breacfar gach íocaíocht sa ghealltanas buiséadach is túisce a bheidh oscailte lena mbaineann.

2. Déanfar na híocaíochtaí i bhfoirm réamh-mhaoinithe tosaigh, íocaíochtaí an iarmhéid bhliantúil agus íocaíocht an iarmhéid dheiridh.

3. Beidh feidhm ag Airteagal [87] den Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 32*

**Carnadh réamh-mhaoinithe tosaigh agus iarmhéideanna bliantúla**

1. Ní sháróidh iomlán na n-íocaíochtaí réamh-mhaoinithe tosaigh agus íocaíochtaí an iarmhéid bhliantúil 95 % den ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais leis an gclár náisiúnta.

2. Nuair a bhainfear an uasteorainn 95 % amach, leanfaidh na Ballstáit d'iarratais ar íocaíocht a tharchur chuig an gCoimisiún.

*Airteagal 33*

**Socruithe tosaigh réamh-mhaoinithe**

1. I ndiaidh chinneadh an Choimisiúin lena bhformheastar an clár náisiúnta, íocfaidh an Coimisiún méid réamh-mhaoinithe tosaigh le haghaidh na tréimhse clárúcháin ar fad. Beidh an méid sin ionann le 4% den ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais leis an gclár náisiúnta lena mbaineann. Féadfar é a roinnt in dhá thráthchuid ag brath ar mhéid an bhuiséid atá ar fáil.

2. Má fhormheastar clár náisiúnta in 2015 nó níos déanaí, íocfar na tráthchodanna an bhliain ina bhformheastar é.

3. Ní úsáidfear réamh-mhaoiniú ach chun íocaíochtaí a dhéanamh le tairbhithe i mbun chur chun feidhme an chláir náisiúnta. Déanfar é a chur ar fáil gan mhoill don Údarás Freagrach chun na críche sin.

4. Déanfar an méid iomlán arna íoc mar réamh-mhaoiniú a íoc ar ais leis an gCoimisiún mura seoltar iarratas ar íocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 39 laistigh de 24 mí den dáta a íocann an Coimisiún an chéad tráthchuid den mhéid réamh-mhaoinithe tosaigh.

5. Breacfar an t-ús arna ghineadh ar an réamh-mhaoiniú tosaigh leis an gclár náisiúnta lena mbaineann agus bainfear é ó mhéid an chaiteachais phoiblí arna chur in iúl ar an iarratas ar íocaíocht dheiridh.

6. Déanfar an méid arna íoc mar réamh-mhaoiniú tosaigh a imréiteach go hiomlán ó chuntais an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 36 tráth a ndúntar an clár náisiúnta ar a dhéanaí.

*Airteagal 34*

***An Bhliain Airgeadais a Shainmhíniú***

Chun críocha an Rialacháin seo cumhdóidh an bhliain airgeadais caiteachas arna íoc agus ioncam arna fháil agus arna iontráil i gcuntais an Údaráis Fhreagraigh sa tréimhse dar tús an 16 Deireadh Fómhair sa bhliain "N-1" agus dar críoch an 15 Deireadh Fómhair den bhliain "N".

*Airteagal 35*

**Íocaíocht an iarmhéid bhliantúil**

1. Íocfaidh an Coimisiún an t-iarmhéid bliantúil, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, ar bhonn an phlean airgeadais atá i bhfeidhm, na gcuntas bliantúil do bhliain airgeadais chomhfhreagrach an chláir náisiúnta agus an chinnidh chomhfhreagraigh maidir le himréiteach.

2. Cumhdófar sna cuntais bhliantúla na híocaíochtaí arna ndéanamh ag an Údarás Freagrach le linn na bliana airgeadais ar comhlíonadh na ceanglais rialaithe dá dtagraítear in Airteagal 25 ina leith.

3. Íocfar an t-iarmhéid bliantúil tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis don Choimisiún a mheas gurb infhála an fhaisnéis agus na doiciméid atá luaite in Airteagal 39(1) agus in Airteagal 49 agus tar éis imréiteach an chuntais bhliantúil is déanaí.

*Airteagal 36*

**Cur i gCrích an chláir**

1. Cuirfidh Ballstáit na doiciméid seo a leanas isteach faoin 31 Nollaig 2023 ar a dhéanaí:

   (a) An fhaisnéis is gá le haghaidh na gcuntas bliantúil deiridh, i gcomhréir le hAirteagal 39(1);

   (b) iarratas ar íocaíocht an iarmhéid dheiridh; agus

   (c) an tuarascáil dheiridh ar chur chun feidhme don chlár náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 49(1).

2. Cuirfear na híocaíochtaí arna ndéanamh ag an Údarás Freagrach ón 16 Deireadh Fómhair 2022 go 30 Meitheamh 2023 a chur san áireamh sna cuntais bhliantúla deiridh.

3. Tar éis na doiciméid sin atá liostaithe i mír 1 a fháil, íocfaidh an Coimisiún an t-iarmhéid deiridh, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil, ar bhonn an phlean airgeadais atá i bhfeidhm, na gcuntas bliantúla deiridh agus an chinnidh chomhfhreagraigh maidir le himréiteach.

4. Íocfar an t-iarmhéid deiridh tráth nach déanaí ná trí mhí i ndiaidh dháta imréitigh na gcuntas don bhliain deiridh airgeadais nó mí amháin i ndiaidh an dáta ar glacadh leis an tuarascáil dheiridh ar chur chun feidhme, cibé dáta is déanaí. Na méideanna a bhfuil gealltanas fós déanta in leith tar éis an iarmhéid a íoc, déanfaidh an Coimisiún iad a shaoradh laistigh de thréimhse sé mhí, gan dochar d'Airteagal 47.

*Airteagal 37*

**An tréimhse íocaíochta a bhriseadh**

1. Féadfaidh an t-oifigeach um údarú trí tharmligean an tréimhse íocaíochta a leanann iarratas ar íocaíocht de réir bhrí an Rialacháin Airgeadais a bhriseadh ar feadh uastréimhse naoi mí, nuair a chomhlíonfar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas ar a laghad:

   (a) go bhfuil fianaise ann, i ndiaidh faisnéis a bheith curtha ar fáil ag comhlacht iniúchóireachta náisiúnta nó comhlacht iniúchóireachta an Aontais, a thugann le fios go bhfuil easnamh suntasach i bhfeidhmiú an chórais bhainistíochta agus rialaithe;

   (b) go bhfuil ar an oifigeach um údarú trí tharmligean tabhairt faoi fhíoruithe breise i ndiaidh faisnéis a bheith curtha faoina bhráid ina gcuirtear in iúl dó go mbaineann neamhrialtacht ag a bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha airgeadais le hiarratas ar íocaíocht;

   (c) nár cuireadh isteach ceann amháin nó níos mó de na doiciméid is gá faoi Airteagal 39(1).

2. Féadfaidh an t-oifigeach um údarú trí tharmligean an chuid den chaiteachas atá á cuimsiú ag an iarratas ar íocaíocht a ndéanann na gnéithe dá dtagraítear i mír 1 difear dó a bhriseadh agus an chuid sin amháin. Cuirfidh an t-oifigeach um údarú trí tharmligean in iúl don Bhallstát agus don Údarás Freagrach láithreach an chúis leis an mbriseadh agus iarrfaidh sé orthu an cás a réiteach. Cuirfidh an t-oifigeach um údarú trí tharmligean deireadh leis an mbriseadh a luaithe a chuirfear na bearta go léir is gá i gcrích.

*Airteagal 37a*

**Íocaíochtaí a fhionraí**

1. Féadfaidh an Coimisiún an t-iarmhéid bliantúil iomlán nó cuid de a chur ar fionraí sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina bhfuil easnamh tromchúiseach i gcóras bainistíochta agus rialaithe an chláir a chuireann isteach ar iontaofacht an nós imeachta maidir le deimhniú íocaíochtaí nár glacadh aon bhearta ceartaitheacha ina leith; nó

(b) tá caiteachas i ráiteas deimhnithe caiteachais nasctha le neamhrialtacht thromchúiseach nár ceartaíodh; nó

(c) sáraíonn Ballstát a oibleagáidí faoi Airteagal 22(1) agus (2) go tromchúiseach.

2. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh an t-iarmhéid bliantúil iomlán nó cuid de a chur ar fionraí, i ndiaidh dó deis a thabhairt don Bhallstát a chuid barúlacha a thíolacadh laistigh de thréimhse dhá mhí.

3. Cuirfidh an Coimisiún deireadh le fionraí an iarmhéid bhliantúil nó cuid de i gcás ina bhfuil na bearta riachtanacha glactha ag an mBallstát chun an fhionraí a chur i leataobh. I gcás nach nglacann an Ballstát na bearta sin, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh ranníocaíocht iomlán an Aontais leis an gclár oibríochtúil nó cuid den ranníocaíocht sin a chealú i gcomhréir le hAirteagal 42.

*Airteagal 38*

**Úsáid an euro**

1. Déanfar méideanna atá leagtha amach i gcláir arna gcur isteach ag Ballstáit, réamh-mheastacháin ar chaiteachas, ráitis chaiteachais, iarratais ar íocaíocht, cuntais bhliantúla agus an caiteachas atá luaite sna tuarascálacha bliantúla agus deiridh ar chur chun feidhme a ainmniú in euro.

2. Déanfaidh Ballstáit nár ghlac an euro mar a n-airgeadra ar dháta an iarratais ar íocaíocht na méideanna caiteachais a tabhaíodh san airgeadra náisiúnta a chomhshó go euro. Déanfar an méid a chomhshó go euro de réir ráta malartaithe cuntasaíochta mhíosúil an Choimisiúin an mhí inar cláraíodh an caiteachas i gcuntais Údarás Freagrach an chláir náisiúnta lena mbaineann. Déanfaidh an Coimisiún an ráta a fhoilsiú go leictreonach gach mí.

3. Nuair a thiocfaidh an euro chun bheith mar airgeadra an Bhallstáit, beidh feidhm fós ag an nós imeachta comhshó atá leagtha amach i mír 2 maidir leis an gcaiteachas uile atá taifeadta sna cuntais ag an Údarás Freagrach roimh dháta theacht i bhfeidhm an ráta comhshó idir an t-airgeadra náisiúnta agus an euro.

## ROINN 4
## IMRÉITEACH CUNTAS AGUS CEARTUITHE AIRGEADAIS

*Airteagal 39*

**Faisnéis a chur isteach**

1. Faoin 1 Feabhra den bhliain i ndiaidh dheireadh na bliana cuntasaíochta, cuirfidh an Ballstát na doiciméid agus an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal [56] den Rialachán Airgeadais:

   (a) cuntais bhliantúla an Údaráis Fhreagraigh;

   (b) dearbhú urrúis bhainistíochta maidir le hiomláine, le cruinneas agus le fírinneacht na gcuntas bliantúil, feidhmiú ceart na gcóras rialaithe inmheánaigh agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart bunúsach agus urramú phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais;

   (c) tuarascáil achomair ar na hiniúchóireachtaí agus ar na rialuithe uile a cuireadh i gcrích agus atá ar fáil, lena n-áirítear anailís ar laigí córasacha nó athfhillteacha, agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinneadh nó atá beartaithe;

   (d) tuairim iniúchóra an Údaráis Iniúchóireachta maidir leis an dearbhú urrúis bhainistíochta lena gcumhdaítear na gnéithe go léir lena mbaineann, arna dtionlacan ag tuarascáil ar rialú ina leagtar amach cinntí na n-iniúchóireachtaí a rinneadh maidir leis an mbliain chuntasaíochta atá cumhdaithe ag an tuairim.

2. Cuirfidh an Ballstát tuilleadh faisnéise ar fáil don Choimisiún má iarrann an Coimisiúin amhlaidh. Mura gcuireann Ballstát an fhaisnéis arna hiarraidh ar fáil faoin spriocdháta chun í a chur isteach arna shocrú ag an gCoimisiún, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh a dhéanamh ar imréiteach na gcuntas ar bhonn na faisnéise atá ina sheilbh.

3. Beidh na doiciméid a fhoráiltear i mír 1 mar bhunús don iarratas ar íoc an iarmhéid bhliantúil.

4. Déanfar na doiciméid atá liostaithe i mír 1 a dhréachtú de réir na samhlacha arna nglacadh ag an gCoimisiún trí ghníomhartha cur chun feidhme. Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 55(2).

*Airteagal 40*

**Imréiteach bliantúil na gcuntas**

1. Faoin 30 Aibreán den bhliain tar éis na bliana airgeadais, déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le himréiteach na gcuntas bliantúil le haghaidh gach clár náisiúnta. Cumhdóidh an cinneadh imréitigh iomláine, cruinneas agus fírinneacht na gcuntas

bliantúil arna gcur isteach gan dochar do cheartuithe airgeadais ar bith ina dhiaidh sin.

2. Déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, modhanna a leagan síos maidir le cur chun feidhme an nós imeachta maidir le himréiteach bliantúil na gcuntas, maidir leis na bearta is gá a dhéanamh maidir leis an gcinneadh a ghlacadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear bearta maidir le faisnéis a mhalartú idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus na spriocdhátaí atá le hurramú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 55(3).

*Airteagal 41*

**Ceartuithe airgeadais arna ndéanamh ag na Ballstáit**

Déanfaidh na Ballstáit ceartuithe airgeadais i gcás go mbraitear neamhrialtachtaí nó faillí faoi na cláir náisiúnta tríd an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais lena mbaineann a chur ar ceal go hiomlán nó i bpáirt. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh cineál agus tromaíocht na neamhrialtachtaí agus an chaillteanais airgeadais i leith bhuiséad an Aontais agus cuirfidh sé ceartú comhréireach i bhfeidhm.

Athleithdháilfear méideanna ar ceal agus méideanna arna ngnóthú, chomh maith le hús orthu, ar an gclár náisiúnta lena mbaineann, seachas na méideanna a bhaineann le neamhrialtachtaí arna sainaithint ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus ag seirbhísí an Choimisiúin lena n-áirítear OLAF.

Tar éis chur i gcrích an chláir náisiúnta, aisíocfaidh an Ballstát na méideanna arna ngnóthú le buiséad an Aontais.

*Airteagal 42*

**Imréiteach comhréireachta agus ceartuithe airgeadais arna ndéanamh ag an gCoimisiún**

1. Déanfaidh an Coimisiún ceartuithe airgeadais trí ranníocaíocht iomlán an Aontais nó cuid di le clár náisiúnta a chur ar ceal agus an méid a ghnóthú ón mBallstát d’fhonn é a eisiamh ó chaiteachas maoinithe an Aontais atá ag sárú an dlí náisiúnta agus dhlí an Aontais is infheidhme, lena n-áirítear sin a bhaineann le heasnaimh i gcórais bhainistíochta agus rialaithe na mBallstát atá aimsithe ag an gCoimisiún nó ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

2. Ní bheidh ceartú airgeadais mar thoradh ar shárú an dlí infheidhme náisiúnta nó dhlí infheidhme an Aontais ach sa chás go gcomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá tionchar ag an sárú, nó d’fhéadfadh tionchar a bheith aige, ar roghnú na dtionscadal faoin gclár náisiúnta;

(b) tá baol ann go bhfuil tionchar, nó go bhféadfadh tionchar a bheith ag an sárú ar mhéid an chaiteachais atá dearbhaithe le haisíoc le buiséad an Aontais.

3. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh, agus cinneadh á dhéanamh aige faoi mhéid an cheartaithe airgeadais faoi mhír 1, cineál agus tromaíocht an tsáraithe ar dhlí náisiúnta nó ar dhlí an Aontais is infheidhme agus na himpleachtaí airgeadais a bhaineann leis do bhuiséad an Aontais.

4. Sula nglacfar aon chinneadh maoiniú a dhiúltú, déanfar cinntí an Choimisiúin mar aon le freagraí an Bhallstáit a chur in iúl i scríbhinn, agus ina dhiaidh sin féachfaidh an dá pháirtí le teacht ar chomhaontú i leith na mbeart atá le déanamh.

5. Ní féidir maoiniú a dhiúltú do na nithe seo a leanas:

(a) caiteachas arna thabhú ag an Údarás Freagrach níos mó ná 36 mí roimh don Choimisiún fógra a thabhairt don Bhallstát i scríbhinn faoina chinntí;

(b) caiteachas ar ghníomhaíochtaí ilbhliantúla faoi raon feidhme na gclár náisiúnta, i gcás ina gcuirtear an oibleagáid dheireanach ar an tairbhí níos mó ná 36 mí roimh don Choimisiún fógra a thabhairt don Bhallstát i scríbhinn faoina chinntí;

(c) caiteachas ar ghníomhaíochtaí i gcláir náisiúnta, seachas na gníomhaíochtaí sin dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo, i gcás ina ndéanann an tÚdarás Freagrach an íocaíocht nó, faoi mar a bheidh, an íocaíocht dheiridh, ina leith níos mó ná 36 mí roimh don Choimisiún fógra a thabhairt don Bhallstát i scríbhinn faoina chinntí.

6. Déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, modhanna a leagan síos maidir le cur chun feidhme an nós imeachta maidir le himréiteach bliantúil na gcuntas, maidir leis na bearta is gá a ghlacadh maidir leis an gcinneadh a ghlacadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear bearta maidir le faisnéis a mhalartú idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus na spriocdhátaí atá le hurramú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 55(3).

*Airteagal 43*

**Oibleagáidí na mBallstát**

Ní dhéanfaidh ceartú airgeadais arna dhéanamh ag an gCoimisiún dochar d’oibleagáid an Bhallstáit aisghabhálacha a shaothrú faoi Airteagal 21(h) den Rialachán seo agus Státchabhair a ghnóthú de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh agus faoi Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle[13].

---

[13] IO L 83, 27.3.1999, lch. 1.

*Airteagal 44*

**Aisíoc**

1. Déanfar aon aisíocaíocht a bheidh le déanamh le buiséad ginearálta an Aontais a chur i gcrích roimh an dáta dlite atá sonraithe san ordú gnóthaithe arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal [77] den Rialachán Airgeadais. Is ar an lá deiridh den dara mí tar éis an ordú a eisiúint a bheidh an dáta dlite.

2. Má bhíonn moill le haisíocaíocht a dhéanamh, beidh ús i ngeall ar íocaíocht dhéanach i gceist ag tosú ar an dáta dlite agus ag críochnú ar dháta na híocaíochta iarbhír. Beidh ráta an úis sin céatadán go leith os cionn an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ina bpríomhoibríochtaí athmhaoinithe ar an gcéad lá oibre den mhí ina mbeidh an dáta dlite.

## ROINN 5
## SAORADH

*Airteagal 45*

**Prionsabail**

1. Cuirfear cláir náisiúnta faoi bhráid nós imeachta saortha atá bunaithe ar an mbonn go saortar méideanna nasctha le gealltanas nach bhfuil cumhdaithe sa réamh-mhaoiniú tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 33 nó iarratas ar íocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 39 faoin 31 Nollaig sa dara bliain tar éis bhliain an ghealltanais bhuiséadaigh.

2. Déanfar an gealltanas a bhaineann le bliain dheireanach na tréimhse a shaoradh i gcomhréir leis na rialacha maidir le cur i gcrích na gclár.

3. I gcás gealltanais ar bith atá oscailte fós ar an dáta incháilithe deiridh caiteachais dá dtagraítear in Airteagal 17(3) nach ndearna an tÚdarás Freagrach iarratas ar íocaíocht ina leith laistigh de shé mhí tar éis an dáta sin, déanfar é a shaoradh go huathoibríoch.

*Airteagal 46*

**Eisceachtaí maidir leis an saoradh**

1. Déanfar an méid lena mbaineann an saoradh a laghdú le méideanna nach raibh an tÚdarás Freagrach in ann a dhearbhú don Choimisiún i ngeall ar na nithe seo a leanas:

   (a) gníomhaíochtaí a cuireadh ar fionraí le himeacht dlíthiúil nó trí achomharc riaracháin a bhfuil éifeacht fhionraitheach aige; nó

   (b) cúiseanna *force majeure* a dhéanann difear tromchúiseach do chur chun feidhme an chláir náisiúnta go léir nó cuid de. Léireoidh na hÚdaráis

Fhreagracha a mhaíonn go raibh *force majeure* ann iarmhairtí díreacha an *force majeure* ar chur chun feidhme an chláir náisiúnta go léir nó cuid de.

Féadfar an laghdú a iarraidh uair amháin má mhair an fhionraíocht nó an *force majeure* suas le bliain amháin, nó roinnt uaireanta ag comhfhreagairt d'fhad tréimhse an *force majeure* nó do na blianta idir an dáta a rinneadh an cinneadh dlíthiúil nó riaracháin lenar cuireadh cur chun feidhme na gníomhaíochta ar fionraí agus an dáta a rinneadh an cinneadh deireanach dlíthiúil nó riaracháin.

2. Cuirfidh an Ballstát faisnéis chuig an gCoimisiún faoi na heisceachtaí dá dtagraítear i mír 1 faoin 31 Eanáir i leith an méid atá le dearbhú faoi dheireadh na bliana roimhe sin.

3. Déanfar neamhaird den chuid de na gealltanais bhuiséadacha a ndearnadh iarratas ar íocaíocht ina leith ach a ndearna an Coimisiún a íocaíocht a laghdú nó a chur ar fionraí amhail an 31 Nollaig den bhliain N + 2 i ríomh an tsaortha uathoibríoch.

*Airteagal 47*

**Nós Imeachta**

1. Cuirfidh an Coimisiún in iúl don Bhallstát in am trátha gach uair a bhfuil baol ann go ndéanfar saoradh a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 42.

2. Ar bhonn na faisnéise atá aige ar an 31 Eanáir, cuirfidh an Coimisiún in iúl don Údarás Freagrach faoi mhéid an tsaortha a thig ón bhfaisnéis ina sheilbh.

3. Beidh dhá mhí ag an mBallstát le haontú leis an méid a bheidh le saoradh nó lena bharúlacha a chur isteach.

4. Déanfaidh an Coimisiún an saoradh uathoibríoch tráth nach déanaí ná naoi mí tar éis na teorann ama deiridh a d'eascair ó chur i bhfeidhm mhíreanna 1 go 3.

5. I gcás saortha uathoibríoch, laghdófar an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais leis an gclár náisiúnta lena mbaineann, don bhliain i dtrácht, de réir an mhéid arna shaoradh go huathoibríoch. Laghdófar ranníocaíocht an Aontais sa phlean maoinithe pro rata, seachas sa chás ina n-ullmhaíonn an Ballstát plean maoinithe atá leasaithe.

# CAIBIDIL V

# FAISNÉIS, CUMARSÁID, FAIREACHÁN, MEASTÓIREACHT AGUS TUAIRISCIÚ

*Airteagal 48*

**Faisnéis agus poiblíocht**

1. Beidh na Ballstáit agus na hÚdaráis Fhreagracha freagrach as an méid seo a leanas:

(a) a áirithiú go mbunófar suíomh Gréasáin nó tairseach Gréasáin ar a soláthrófar faisnéis agus rochtain ar na cláir náisiúnta sa Bhallstát sin;

(b) tairbhithe féideartha a chur ar an eolas faoi dheiseanna cistiúcháin faoi na cláir náisiúnta;

(c) ról agus éachtaí na Rialachán Sonrach a phoibliú do shaoránaigh an Aontais trí bhíthin gníomhaíochtaí cumarsáide agus faisnéise maidir le torthaí agus tionchar na gclár náisiúnta.

2. Áiritheoidh na Ballstáit trédhearcacht maidir le cur chun feidhme na gclár náisiúnta agus coinneoidh siad liosta gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó gach clár náisiúnta a bheidh ar fáil tríd an suíomh Gréasáin nó tríd an tairseach Gréasáin.

3. Tabharfar cumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 54 chun rialacha a leagan síos maidir leis na bearta faisnéise agus poiblíochta le haghaidh na mbeart poiblí agus faisnéise do thairbhithe.

4. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, gnéithe teicniúla na mbeart faisnéise agus poiblíochta a shainiú. Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 55(3).

*Airteagal 49*

**Tuarascálacha cur chun feidhme**

1. Déanfaidh an Ballstát tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme gach cláir náisiúnta sa bhliain airgeadais roimhe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2016 agus faoin 31 Márta i ngach bliain ina dhiaidh sin go dtí 2022, agus an bhliain sin san áireamh.

Cumhdófar na blianta airgeadais 2014 agus 2015 sa tuarascáil a chuirfear isteach in 2016.

Déanfaidh an Ballstát tuarascáil dheiridh ar chur chun feidhme na gclár náisiúnta a chur isteach faoin 31 Nollaig 2023.

2. Leagfar amach faisnéis i dtuarascálacha cur chun feidhme maidir leo seo a leanas:

(a) cur chun feidhme an chláir náisiúnta trí thagairt do na sonraí airgeadais agus do na táscairí;

(b) aon saincheisteanna a dhéanann difear d'fheidhmiú an chláir náisiúnta.

3. I bhfianaise an athbhreithnithe mheántéarma, sa tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme a chuirfear isteach sa bhliain 2017, leagfar amach an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 agus déanfar measúnú uirthi, chomh maith leis an méid seo a leanas:

(a) an dul chun cinn atá déanta maidir leis na cuspóirí saothraithe a ghnóthú leis an ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais leis an gclár náisiúnta;

(b) rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe maidir le cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht an chláir náisiúnta.

4. Áireofar sa tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme a chuirfear isteach sa bhliain 2019 agus sa tuarascáil dheiridh ar chur chun feidhme, i dteannta leis an bhfaisnéis agus leis an measúnú atá leagtha amach i mír 2 agus i mír 3, faisnéis agus measúnú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cuspóirí an chláir náisiúnta a ghnóthú.

5. Beidh na tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 1 go 4 inghlactha i gcás ina bhfuil an fhaisnéis go léir arna hiarraidh sna míreanna sin ar áireamh iontu. Cuirfidh an Coimisiún in iúl don Bhallstát laistigh de 15 lá oibre ón dáta a fhaigheann sé an tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme más rud é nach bhfuil sé inghlactha, agus mura ndéanfar a leithéid measfar é a bheith inghlactha.

6. Cuirfidh an Coimisiún a chuid barúlacha maidir leis an tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme in iúl don Bhallstát laistigh de dhá mhí ó dháta fála na tuarascála bliantúla ar chur chun feidhme. I gcás nach gcuireann an Coimisiún barúlacha in iúl laistigh den spriocdháta seo, measfar gur glacadh leis na tuarascálacha.

7. Féadfaidh an Coimisiún moltaí a eisiúint chun plé le haon saincheisteanna a dhéanann difear do chur chun feidhme an chláir náisiúnta. I gcás ina ndéanfar moltaí den sórt sin, cuirfidh an tÚdarás Freagrach na bearta ceartaitheacha arna nglacadh in iúl don Choimisiún laistigh de thrí mhí.

8. Déanfar na tuarascálacha bliantúla agus deiridh ar chur chun feidhme a dhréachtú de réir na samhlacha arna nglacadh ag an gCoimisiún. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 55(2).

*Airteagal 50*

**An creat coiteann faireacháin agus meastóireachta**

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán rialta ar an Rialachán seo agus ar na Rialacháin Shonracha, nuair is iomchuí, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit.

2. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme na Rialachán Sonrach i gcomhpháirt leis na Ballstáit.

3. Bunófar creat coiteann faireacháin agus meastóireachta d’fhonn ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht, breisluach, inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí a thomhas agus an t-ualach riaracháin a shimpliú agus a laghdú, i bhfianaise chuspóirí an Rialacháin seo agus na Rialachán Sonrach agus fheidhmiú an Rialacháin seo agus na Rialachán Sonrach mar ionstraimí lena gcuirtear le forbairt limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais.

4. Tabharfar cumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 54 chun an creat coiteann faireacháin agus meastóireachta a fhorbairt tuilleadh.

5. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis uile is gá ar fáil don Choimisiún chun faireachán agus meastóireacht an Rialacháin seo agus na Rialachán Sonrach a cheadú.

6. Breithneoidh an Coimisiún freisin an chomhlántacht idir na gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme faoi na Rialacháin Shonracha agus na cinn arna saothrú faoi bheartais, faoi ionstraimí agus faoi thionscnaimh ábhartha eile an Aontais.

*Airteagal 51*

**Meastóireacht na gclár náisiúnta ag na Ballstáit**

1. Déanfaidh na Ballstáit meastóireachtaí chun cáilíocht dhearadh agus chur chun feidhme na gclár náisiúnta a fheabhsú, i gcomhréir leis an gcreat coiteann faireacháin agus meastóireachta.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil nósanna imeachta ar bun chun na sonraí is gá le haghaidh meastóireachtaí a tháirgeadh agus a bhailiú, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le táscairí coiteanna agus le táscairí atá sainiúil do chlár.

3. Is saineolaithe meastóireachta atá neamhspleách ó thaobh feidhme ar na hÚdaráis Fhreagracha, ar na hÚdaráis Iniúchóireachta, agus ar na hÚdaráis Tharmligthe a dhéanfaidh na meastóireachtaí. Soláthróidh an Coimisiún treoir maidir le conas meastóireachtaí a dhéanamh.

4. Cuirfear na meastóireachtaí go léir ina n-iomláine ar fáil don phobal.

*Airteagal 52*

**Tuarascálacha measúnaithe ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún**

1. I gcomhréir leis an gcreat coiteann faireacháin agus meastóireachta, cuirfidh na Ballstáit na nithe seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin:

   (a) tuarascáil eatramhach mheasúnaithe maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí faoi na cláir náisiúnta faoin 31 Nollaig 2017;

   (b) tuarascáil mheasúnaithe ex-post maidir le héifeachtaí na ngníomhaíochtaí faoi na cláir náisiúnta faoin 31 Nollaig 2023.

2. Ar bhonn na dtuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún:

   (a) tuarascáil eatramhach mheasúnaithe maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo agus na Rialachán Sonrach ar leibhéal an Aontais faoin 30 Meitheamh 2018;

   (b) tuarascáil mheasúnaithe ex-post maidir le héifeachtaí an Rialacháin seo agus na Rialachán Sonrach, tar éis chur i gcrích na gclár náisiúnta, faoin 30 Meitheamh 2024.

3. Scrúdófar freisin i meastóireacht ex-post an Choimisiúin tionchar na Rialachán Sonrach ar fhorbairt limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais i dtéarmaí a rannchuidithe leis na cuspóirí seo a leanas:

   (a) forbairt cultúir choitinn na slándála teorann, an chomhair póilíneachta agus an bhainistithe géarchéime;

   (b) bainistiú éifeachtach ar shreabha imirce chuig an AE;

   (c) forbairt an Chomhchórais Tearmainn Eorpaigh;

   (d) cóir chothrom agus chomhionann náisiúnach tríú tír;

   (e) dlúthpháirtíocht agus comhar idir na Ballstáit nuair atáthar ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna imirce agus slándála inmheánaí;

   (f) cur chuige comhchoiteann an Aontais i leith imirce agus slándála maidir le tríú tíortha.

*Airteagal 53*

**Tuarascáil ar an athbhreithniú meántéarma**

In 2018, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar an athbhreithniú meántéarma arna dhéanamh i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo agus na Rialachán Sonrach a thíolacadh do

Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún.

# CAIBIDIL VI

# FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 54*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Bronnfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear sa Rialachán seo ar an gCoimisiún ar feadh tréimhse seacht mbliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfar tarmligean na cumhachta a shíneadh go hintuigthe go ceann tréimhse comhfhaid, mura gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an tsínidh sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear sa Rialachán seo a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Tiocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontas Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí arna shonrú sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Tiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun an Rialacháin seo i bhfeidhm ach amháin má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó má chuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún, roimh dhul in éag na tréimhse sin, nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

*Airteagal 55*

**An Nós Imeachta Coiste**

1. Tabharfaidh an Comhchoiste 'Tearmainn, Imirce agus Slándála' arna bhunú ag an Rialachán seo cúnamh don Choimisiún. Is é a bheidh sa Choiste sin Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 56*

**Athbhreithniú**

Ar bhonn togra ón gCoimisiún, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle athbhreithniú ar an Rialachán seo faoin 30 Meitheamh 2020 ar a dhéanaí.

*Airteagal 57*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach sna Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/an tionscnaimh

1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóir nó cuspóirí

1.5. Na forais leis an togra/an tionscnamh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

### 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

### 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteideal/ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne/na línte buiséid lena mbaineann

3.2. An tionchar a mheastar ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí de chineál riaracháin

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Rannpháirtíocht ó thríú páirtithe sa mhaoiniú

3.3. An tionchar a mheastar ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

# 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/AN TIONSCNAIMH

## 1.1. Teideal an togra/an tionscnaimh

Cumarsáid "Building an open and secure Europe: the home affairs budget for 2014-2020" *(Eoraip a fhorbairt atá oscailte agus slán: an buiséad gnóthaí baile do 2014-2020)*;

Togra le haghaidh Rialacháin ina leagtar síos na forálacha ginearálta maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce agus maidir leis an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do chomhar póilíneachta, chun coireacht a chosc agus a chomhrac, agus le haghaidh bainistíochta géarchéime;

Togra le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear an Ciste Tearmainn agus Imirce;

Togra le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do chomhar póilíneachta, chun coireacht a chosc agus a chomhrac, agus le haghaidh bainistíochta géarchéime;

Togra le haghaidh Rialacháin lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do theorainneacha seachtracha agus víosaí.

## 1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[14]

Ceannteideal 3 faoi láthair, Teideal 18 – Gnóthaí Baile

Peirspictíochtaí Airgeadais Ilbhliantúla Amach Anseo: Ceannteideal 3 (Slándáil agus saoránacht) – "An Ciste Bainistíochta Imirce" agus " Slándáil Inmheánach"

An cineál togra/tionscnaimh

☑ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua** (maoiniú gnóthaí baile don tréimhse 2014-2020)

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua tar éis treoirthionscadail/réamhghníomhaíochta**[15]

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar ghníomhaíocht atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht a atreoraíodh i dtreo gníomhaíochta nua**

---

14 ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí – ABB: Bunú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí.

15 Mar a thagraítear dó in Airteagal 49(6)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

### 1.3. Cuspóirí

*1.3.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

Is é aidhm dheireanach na mbeartas gnóthaí baile limistéar gan teorainneacha inmheánacha a chruthú a bhféadfaidh saoránaigh an AE agus náisiúnaigh tríú tír dul isteach, gluaiseacht, maireachtáil agus oibriú ann, agus smaointe nua, caipiteal, eolas agus nuálaíocht á dtabhairt acu leo, nó bearnaí i margaí náisiúnta an tsaothair á líonadh acu, agus iad muiníneach go bhfuil a gcearta á n-urramú go hiomlán agus a slándáil deimhnithe. Tá comhar le tíortha neamh-AE agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ríthábhachtach chun an sprioc sin a bhaint amach.

Dearbhaíodh tábhacht mhéadaitheach na mbeartas gnóthaí baile i gClár Stócólm agus sa Chlár Gníomhaíochta lena mbaineann, a bhfuil a chur chun feidhme ina thosaíocht straitéiseach de chuid an Aontais lena gcuimsítear réimsí amhail imirce (imirce dhleathach agus lánpháirtiú; tearmann; imirce agus filleadh atá mírialta), slándáil (an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe a chosc agus a chomhrac; comhar póilíneachta) agus bainistiú na dteorainneacha seachtracha (lena n-áirítear beartas víosaí), chomh maith le gné sheachtrach na mbeartas sin. Trí Chonradh Liospóin cuirtear ar chumas an Aontais freisin uaillmhian níos fearr a léiriú i dtaca le freagairt do ghnóthaí laethúla saoránach i limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais. Ba cheart go bhféachfaí ar thosaíochtaí an bheartais gnóthaí baile, go háirithe lánpháirtiú náisiúnach tríú tír, i gcomhthéacs na seacht dtionscnamh suaitheanta arna gcur i láthair i Straitéis Eoraip 2020 a bhfuil sé mar aidhm acu cuidiú leis an AE teacht tríd an ngéarchéim airgeadais agus eacnamaíoch reatha agus fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a bhaint amach.

Cuirfear an cúnamh airgeadais atá de dhíth ar fáil sa Chiste Tearmainn agus Imirce agus sa Chiste Slándála Inmheánaí d’fhonn torthaí inbhraite a dhéanamh de chuspóirí gnóthaí baile an Aontais.

*1.3.2. Cuspóirí sonracha agus an ghníomhaíocht nó na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

**<u>AN CISTE TEARMAINN AGUS IMIRCE</u>**

(a) an Comhchóras Tearmainn Eorpach a neartú agus a fhorbairt, lena n-áirítear an diminsean seachtrach lena mbaineann;

(b) tacú le himirce dhleathach chuig an Aontas de réir riachtanais eacnamaíocha agus shóisialta na mBallstát agus lánpháirtiú éifeachtach náisiúnach tríú tíre a chur cinn, lena n-áirítear iarrthóirí tearmainn agus tairbhithe cosanta idirnáisiúnta;

(c) straitéisí córa agus éifeachtúla um fhilleadh sna Ballstáit a fheabhsú agus béim ar inbhuaine an fhillte agus ar athcheadú isteach éifeachtúil chuig na tíortha tionscnaimh;

(d) an dlúthpháirtíocht agus comhroinnt freagrachta idir na Ballstáit a fheabhsú, go háirithe i dtaca leis na Ballstáit sin is mó a ndéanann sreabha imirce agus tearmainn difear dóibh.

<u>Gníomhaíochtaí reatha ABB atá i gceist:</u> 18.03 (Ciste Eorpach um Dhídeanaithe, bearta éigeandála agus Ciste Eorpach chun Náisiúnaigh Tríú Tíortha a Lánpháirtiú) agus 18.02 (chomh fada agus a bhaineann sé leis an gCiste Eorpach um Fhilleadh).

**<u>AN CISTE SLÁNDÁLA INMHEÁNAÍ</u>**

***Ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do chomhar póilíneachta, chun coireacht a chosc agus a chomhrac, agus le haghaidh bainistíochta géarchéime***

I gcomhréir leis na tosaíochtaí a aithnítear i straitéisí, cláir, measúnuithe riosca agus bagairtí ábhartha an Aontais, rannchuideoidh an Ionstraim leis na cuspóirí sonracha seo a leanas

(a) an choireacht thrasteorann, an choireacht thromchúiseach agus an choireacht eagraithe a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear sceimhlitheoireacht, agus chun comhordú agus comhar a threisiú idir údaráis um fhorghníomhú an dlí de chuid na mBallstát agus le tríú tíortha ábhartha;

(b) cumas na mBallstát agus an Aontais a fheabhsú maidir le bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar rioscaí agus ar ghéarchéimeanna a bhaineann leis an tslándáil, agus ullmhú le haghaidh ionsaithe sceimhlitheoireachta agus teagmhais eile a bhaineann leis an tslándáil agus daoine agus an bonneagar criticiúil á chosaint orthu.

Gníomhaíochtaí reatha ABB atá i gceist: 18.05

***Ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do theorainneacha seachtracha agus víosaí***

I gcomhréir leis na tosaíochtaí a aithnítear i straitéisí, cláir, measúnuithe riosca agus bagairtí ábhartha an AE, rannchuideoidh an Ionstraim leis na cuspóirí sonracha seo a leanas

(a) tacú le comhbheartas víosaí chun taisteal dlisteanach a éascú, cóir chomhionann a áirithiú i gcás náisiúnach tríú tír agus dul i ngleic le himirce mírialta

(b) tacú le bainistiú teorainneacha, chun ardleibhéal cosanta teorainneacha seachtracha a áirithiú ar thaobh amháin, agus trasnú rianúil na dteorainneacha seachtracha ar an taobh eile i gcomhréir le acquis Schengen.

Gníomhaíochtaí reatha ABB atá i gceist: 18.02 (chomh fada is a bhaineann sé leis an gCiste um Theorainneacha Seachtracha).

*1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis*

*Sonraigh an tionchar ba cheart a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Tá cur síos níos mionsonraithe ar éifeachtaí an togra maidir le tairbhithe/spriocghrúpaí i Roinn 4.1.2 den Mheasúnú Tionchair.

I gcoitinne, beidh éifeacht thairbheach ag simpliú arna thabhairt isteach ag gach leibhéal den phróiseas maoinithe agus ag gach modh bainistíochta ar na próisis faoina ndéanfar tacaíocht airgeadais a bhainistiú.

**An Ciste Tearmainn agus Imirce:**

Is iad ranna na mBallstát atá freagrach as cur chun feidhme an acquis nó na mbeartas ábhartha mar aon le heagraíochtaí idirnáisiúnta nó eagraíochtaí neamhrialtasacha a oibríonn sa réimse tearmainn agus imirce (nósanna imeachta maidir le ligean isteach, bearta lánpháirtíochta agus oibríochtaí fillte) a bheidh ar phríomhthairbhithe na tacaíochta airgeadais le haghaidh tearmainn agus imirce.

Is iarrthóirí tearmainn, tairbhithe na cosanta idirnáisiúnta, dídeanaithe athshuite agus náisiúnaigh tríú tíortha eile a thagann chuig an AE ar chúiseanna éagsúla agus a bhfuil riachtanais éagsúla acu (e.g. riachtanais eacnamaíocha, athaontú teaghlaigh, mionaoisigh gan tionlacan, srl) iad na spriocghrúpaí a bhaineann tairbhe as na hathruithe. Beidh sé níos éasca rochtain a fháil ar na spriocghrúpaí sin cion is go mbeidh rochtain ar chistiú níos éasca le cumasc na ngníomhaíochtaí éagsúla maidir le bainistiú ar imirce in aon Chiste amháin (aon údarás freagrach amháin, sofheictheacht níos fearr agus raon feidhme níos soiléire maidir le hidirghabháil) agus beidh tacaíocht solúbtha indéanta (e.g. an cineál gníomhaíochta céanna á dhíriú ar roinnt spriocghrúpaí éagsúla). Déanfar raon feidhme na hidirghabhála a leathnú, chun slabhra imirce iomlán le spriocghrúpaí éagsúla a chumhdach, lena n-áirítear grúpaí spriocthа sínte, i.e. náisiúnaigh tríú tíortha den dara glúin (ar náisiúnach tríú tír é an t-athair nó an mháthair).

**An Ciste Slándála Inmheánaí:**

***Comhar póilíneachta, coireacht a chosc agus a chomhrac, agus bainistíocht géarchéime***

Is iad na Ballstáit agus a n-údaráis um fhorghníomhú an dlí mar aon le haon údarás eile a shainfheidhmíonn i gcosaint bonneagar criticiúil agus bainistíocht géarchéime, ach freisin na hEagraíochtaí ábhartha Idirnáisiúnta agus Neamhrialtasacha, nuair is iomchuí (e.g. i réimse bheartas chosc na coireachta, frithradacaithe agus frithgháinneála) a bheidh ar phríomhthairbhithe na tacaíochta airgeadais.

Is é an daonra go léir an spriocghrúpa a bhainfidh tairbhe as na hathruithe.
I measc na mórghníomhartha beidh 1) cumas feabhsaithe riaracháin agus oibríochta na mBallstát coireacht eagraithe thromchúiseach thrasteorann a bhrath agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear sceimhlitheoireacht d’fhonn na bagairtí a bhaineann leis an tslándáil a eascraíonn as a leithéid de choireacht a laghdú, agus 2) go mbeadh solúbthacht níos treise san Eoraip maidir le géarchéimeanna agus tubaistí de bharr beartais níos comhtháite maidir le bainistíocht riosca a nascfaidh bagairt agus measúnú riosca le ceapadh beartas sa chaoi go mbeidh freagra níos éifeachtaí agus níos comhordaithe ag an AE ar ghéarchéim ar thaobh amháin agus go nascfar na cumais agus an saineolas reatha ar an taobh eile. Gnóthachan tábhachtach eile a bheidh ann nuair a bheidh cumas níos fearr ag na Ballstáit na daoine agus bonneagar criticiúil a chosaint agus a ullmhú in aghaidh ionsaithe sceimhlitheoireachta agus teagmhais thromchúiseacha eile a bhaineann le slándáil.

***Teorainneacha seachtracha agus víosaí***

Is iad na seirbhísí cur chun feidhme acquis an AE, Cód Teorainneacha Schengen, agus an Cód Víosa sna Ballstáit príomhthairbhithe na tacaíochta airgeadais i gcomhair teorainneacha agus víosaí: gardaí teorann, póilíní agus seirbhísí consalachta. Is na taistealaithe an spriocghrúpa a bhainfidh tairbhe as na hathruithe - gach duine a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha isteach san AE. Áireofar leis an torthaí sin cumas feabhsaithe na seirbhísí sin (1) faireachas teorann agus idirchaidreamh a dhéanamh le seirbhísí eile forghníomhaithe an dlí, faoi chuimsiú an Chórais Eorpaigh um Fhaireachas ar Theorainneacha (EUROSUR); (2) bainistiú a dhéanamh ar shreabha imirce ag ionaid chonsalachta (iarratais ar víosaí) agus (3) feabhas a chur ar láimhseáil sreafaí paisinéirí agus pointí trasnaithe teorann, sa chaoi go gcinnteofar ardleibhéal aonfhoirmeach cosanta ar thaobh amháin, i gcomhar le seirbhísí eile forghníomhaithe an dlí, agus trasnú rianúil i gcomhréir le acquis agus leis na prionsabail maidir le láimhseáil mheasúil agus dínit ar an taobh eile. Toradh tábhachtach ar leith a bheidh air is ea an chaoi a bhunófar dhá chóras TF nua an AE maidir le gluaiseacht náisiúnach tríú tíortha thar theorainneacha (Córas Dul Isteach Imeachta an AE agus agus Clár um Thaistealaithe Cláraithe).

*1.3.4. Táscairí a léiríonn toradh agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí a léiríonn faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh*

Ós rud é gur gá comhphlé beartais a dhéanamh sula ndéantar na cláir náisiúnta a shainiú, ní féidir sraith chinntitheach táscairí a chinneadh ag an gcéim seo, sraith a úsáidfear chun baint amach na gcuspóirí sonracha atá luaite thuas a thomhas.

Maidir leis an réimse **tearmainn agus imirce**, áfach, chuimseodh táscairí, inter alia, an leibhéal feabhsaithe maidir le coinníollacha glactha tearmainn, i gcáilíocht nósanna imeachta tearmainn, maidir le comhchlaonadh na rátaí aitheantais ar fud na mBallstát, agus iarrachtaí athlonnaithe na mBallstát, leibhéal na rannpháirtíochta méadaithe de náisiúnaigh tríú tíortha i bpróisis fostaíochta, oideachais agus dhaonlathacha, líon na ndaoine a cuireadh ar ais agus leibhéal an chúnaimh fhrithpháirtigh mhéadaithe idir na Ballstáit lena n-áirítear comhar praiticiúil agus athshuíomh.

Maidir le **comhar póilíneachta agus an choireacht a chosc agus a chomhrac,** i measc na dtáscairí bheadh líon na gcomhoibríochtaí trasteorann agus líon na ndoiciméad dea-chleachtais agus na n-imeachtaí a d'eagrófaí. I measc na dtáscairí le haghaidh **bainistíochta géarchéime** agus cosaint an bhonneagair chriticiúil bheadh líon na n-uirlisí a chuirfí ar fáil nó a ndéanfaí uasghrádú breise orthu chun cosaint an bhonneagair chriticiúil ag Ballstáit a éascú i ngach earnáil den gheilleagar agus líon na measúnuithe ar bhagairtí agus ar rioscaí a chuirfí ar fáil ar leibhéal an Aontais.

- i measc na dtáscairí sa réimse **teorainneacha agus víosaí** bheadh líon na bpost consalachta a dhéanfaí a dhaingniú nó a fheabhsú chun iarratais ar víosaí a phróiseáil go héifeachtúil agus caighdeán na seirbhíse d'iarratasóirí víosa a áirithiú, agus trealamh a fhorbairt le haghaidh rialú teorann agus gabháil náisiúnach mírialta tríú tíortha ag an teorainn sheachtrach i gcomparáid leis an riosca atá ann ag an gcuid sin den teorainn sheachtrach. Déanfaidh táscairí maidir leis an tionchar an méadú ar shlándáil na dteorann, cumas eisiúna víosaí agus cumas chun trácht na dtaistealaithe thar theorainneacha a láimhseáil go slán agus go réidh a thomhas.

## 1.4. Na forais leis an togra/an tionscnamh

*1.4.1. Na ceanglais is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Beidh ar an AE leanúint ar aghaidh ag dul i ngleic le dúshláin thábhachtacha sa réimse maidir le gnóthaí baile i rith na tréimhse 2014-2020. Má chuirtear athruithe déimeagrafacha, athruithe struchtúracha sna margaí saothair agus patrúin iomaíochta le haghaidh scileanna san áireamh, beidh beartas imirce dleathaí agus lánpháirtithe a bhreathnaíonn ar aghaidh ríthábhachtach chun iomaíochas agus comhtháthú sóisialta an AE a fheabhsú, chun ár sochaithe a shaibhriú agus deiseanna a chruthú do chách. Ní mór don AE dul i ngleic i gceart le himirce mhírialta agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac. Ag an am céanna, ní mór dúinn dlúthpháirtíocht a léiriú i gcónaí dóibh siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu. Is tosaíocht i gcónaí é go gcuirfear Comhchóras Tearmainn Eorpach níos cosantaí agus níos éifeachtaí ina léireofar ár luachanna chun críche.

Tá sé riachtanach timpeallacht shlán shábháilte a áirithiú agus tá sé tairbhiúil ó thaobh fás eacnamaíochta, cultúrtha agus sóisialta an AE. Tá ról cinniúnach ag an AE, cibé acu trí dhul i ngleic le bagairtí na coireachta tromchúisí agus eagraithe, na cibearchoireachta agus na sceimhlitheoireachta agus trí bhainistíocht theorainneacha seachtracha an AE a áirithiú, nó trí fhreagairt thapa a thabhairt ar ghéarchéimeanna atá ag teacht chun cinn de thoradh ar thubaistí nádúrtha nó de dhéanamh an duine. I

ré an domhandaithe, ina bhfuil na bagairtí ag méadú agus ina bhfuil méadú ag teacht ar ghné trasnáisiúnta na mbagairtí sin, ní féidir le Ballstát ar bith freagairt éifeachtach a thabhairt ina aonair. Tá freagra cuimsitheach comhtháite de dhíth lena n-áirithiú go mbeidh údaráis um fhorghníomhú an dlí in ann dul i mbun oibre go héifeachtach thar theorainneacha agus thar dhlínsí.

Tá comhar le tíortha neamh-AE agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ríthábhachtach chun na spriocanna sin a bhaint amach. Léirigh imeachtaí déanacha i dTuaisceart na hAfraice cé chomh tábhachtach agus atá sé don AE go mbeadh cur chuige cuimsitheach agus comhordaithe aige maidir le himirce, teorainneacha agus slándáil. Dá réir sin ní mór gné sheachtrach bheartais gnóthaí baile an AE atá ag éirí níos tábhachtaí le himeacht ama a neartú, i gcomhchuibheas iomlán le beartas eachtrach an Aontais.

*1.4.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE*

Cruthaíonn bainistiú sreabha imirce agus bagairtí slándála dúshláin nach féidir le Ballstáit dul i ngleic leo trí ghníomhú aonair. Is réimsí iad sin lena mbaineann luach breise soiléir maidir le heagrú bhuiséad an AE.

Tá ualach trom ar roinnt Ballstát mar gheall ar a láthair gheografach shonrach agus mar gheall ar fhad theorainneacha seachtracha an Aontais a bhfuil dualgas orthu iad a bhainistiú. In éineacht le deireadh a chur le rialuithe inmheánacha teorann, ní mór comhbhearta a bheith ann maidir le rialú agus faireachas éifeachtach ar theorainneacha seachtracha an Aontais. Tá prionsabal na dlúthpháirtíochta agus roinnt chóir na ndualgas idir Ballstáit ag croílár na gcomhbheartas tearmainn, imirce agus teorainneacha seachtracha dá réir sin. Cuireann buiséad an AE na modhanna ar fáil chun freastal ar impleachtaí airgeadais an phrionsabail seo. I réimse na slándála, na coireachta tromchúisí agus eagraithe, na sceimhlitheoireachta agus na mbagairtí eile a bhaineann leis an tslándáil, is bagairtí iad a bhfuil gné trasteorann ag baint leo níos mó ná riamh. Tá comhar agus comhordú trasnáisiúnta i measc na n-údarás um fhorghníomhú an dlí riachtanach chun na coireanna seo a chosc agus le troid ina gcoinne, mar shampla trí mhalartú faisnéise, comh-imscrúduithe, teicneolaíochtaí comh-inoibritheacha agus measúnuithe bagairtí agus riosca comhchoiteanna.

Tá acmhainní agus cumas substaintiúil ag teastáil ó na Ballstáit chun déileáil le sreabha inimirce, teorainneacha seachtracha an AE agus slándáil an AE. Cruthaítear barainneachtaí scála agus sineirgí de thoradh ar fheabhas ar chomhar agus ar chomhordú oibríochtúil a chuimsíonn comhthiomsú acmhainní i réimsí ar nós oiliúna agus trealaimh, rud a dhéanann úsáid níos éifeachtaí as cistí poiblí a áirithiú agus dlúthpháirtíocht, muinín frithpháirteach agus comhroinnt freagrachta as comhbheartais an AE a atreisiú i measc na mBallstát. Baineann sé seo go mór le hábhar i réimse na slándála, áit a bhfuil tacaíocht airgeadais le haghaidh gach cineál comhoibríochta trasteorann riachtanach chun comhar a fheabhsú idir póilíní, custaim, gardaí teorann agus na húdaráis bhreithiúnacha.

